RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/78 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Bealtaine 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú i ndiaidh gearán a rinne an Comhlachas Urláir Iontlaise na hEorpa ('an gearánach') an 4 Aibreán 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2733 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na tíre lena mbaineann, d'allmhaireoirí aitheanta, d'úsáideoirí agus do thrádálaithe gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.4. Sampláil

(6) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C, C/2024/3186, 16.5.2024.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2733 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe. IO L, 2024/2733, 25.10.2024.

1.4.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(7) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn cainníochtaí táirgeachta agus díolacháin i gcomhthéacs na hanailíse ar an seasamh réamhthionscnaimh. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Táirgeann na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais níos mó ná 20 % den táirgeacht iomlán mheasta an Aontais agus níos mó ná 20 % de dhíolachán iomlán measta an Aontais den táirge comhchosúil. Measadh gur shampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil agus dá bhrí sin deimhníodh an sampla.

1.4.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(8) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(9) Sholáthair dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe (Lamett Europe N.V. agus Svartes s.r.o) an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. D'iarr an Coimisiún ar an dá chuideachta a luaitear thuas an ceistneoir le haghaidh allmhaireoirí a líonadh isteach. I ndeireadh na dála, níor thug ach Lamett Europe N.V. freagra ceistneora mar a mhínítear in aithris (17).

1.4.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(10) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(11) Sholáthair 78 dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de chúig tháirgeoir ó dhá ghrúpa ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den am a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Tar éis an chomhairliúcháin, fuarthas barúlacha maidir le roghnú an tsampla sin ó ghrúpa amháin táirgeoirí onnmhairiúcháin. D'áitigh an grúpa nach raibh an sampla atá beartaithe ionadaíoch go leor, de réir bhrí Airteagal 17(1) den bhun-Rialachán toisc nach raibh ann ach cion teoranta den mhéid a d'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha uile. Rinne an Coimisiún measúnú ar an maíomh agus chinn sé an líon cuideachtaí a roghnaíodh don sampla a leathnú tríd an tríú grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin is mó a chur leis le cúig tháirgeoir. B'ionann an sampla athbhreithnithe agus 40 % den mhéid agus 27 % den chainníocht onnmhairiúcháin iomlán mheasta arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha uile a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní bhfuarthas aon bharúil eile i leith an tsampla atá beartaithe.

(12) Thairis sin, le linn an imscrúdaithe, bunaithe ar na foinsí atá ar fáil go poiblí, d'fhíoraigh an Coimisiún faisnéis a chuir na honnmhaireoirí comhoibríocha ar fáil chun stádas na gcuideachtaí mar tháirgeoir an táirge lena mbaineann a dheimhniú. Más gá, d'iarr an Coimisiún doiciméid bhreise, amhail ceadúnas gnó agus airteagail chomhlachais. Theip ar pháirtí amháin nasc leis an imscrúdú a léiriú agus dá bhrí sin measadh go raibh sé neamh-chomhoibríoch.

1.4.4. *Scrúdú aonair*

(13) D'iarr 19 dtáirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, níor thug aon cheann acu freagra ar an gceistneoir laistigh den sprioc-am a leag an Coimisiún síos. Dá réir sin, cinneann an Coimisiún go sealadach nach ndeonófar aon scrúdú aonair sa chás seo.

1.5. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(14) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(15) Thairis sin, chuir an gearánach fianaise leordhóthanach *prima facie* ar fáil sa ghearán maidir le saobhadh amhábhair i sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(16) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go bhfuil sé beartaithe aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil a mhéid a bhaineann le saobhadh suntasach a bheith ann i nDaon-Phoblacht na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon bharúil breise ó Rialtas na Síne.

(17) Na ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí, allmhaireoirí, úsáideoirí an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin, cuireadh ar fáil ar líne iad ([4]) lá an tionscnaimh. Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin (Lamett Europe N.V.) agus ó thrí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin (Jinfa Group, Forest Group agus Fusong Group).

(18) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Barlinek Inwestycje Sp. z o.o., Barlinek, an Pholainn agus a chuideachtaí comhlachaithe (Barlinek S.A., Barlinek Deutschland GmbH, Barlinek Romania S.A.),

— UAB Bauwerk Group Lietuva, Vilnias, an Liotuáin agus a chuideachtaí gaolmhara (Bauwerk Parkett Deutschland GmbH, Boen Parkett Deutschland GmbH),

— Weitzer Produktions GmbH, Weiz, an Ostair agus a chuideachta chomhlachaithe Weitzer Parkett Vertriebs GmbH;

Allmhaireoir

— Lamett Europe N.V., Deerlijk, an Bheilg;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin agus cuideachtaí comhlachaithe sa tSín

(a) Grúpa Jinfa:

— Hunchun Xingjia Wooden Flooring Inc., Changchun, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Hunchun Xingye Wood, Hunchun, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Changchun Delin Wooden Floors Inc., Changchun, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Changchun Xingjia International Trade Centre, Changchun, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne;

(b) Grúpa Foraoise:

— JiLin Newco Wood Industries Co., Ltd., Changchun, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Jilin Forest Industry Jinqiao Flooring Group Co., Ltd., Changchun, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2728.

— Jilin Forest Industry New Jinqiao Songlin Flooring Co., Ltd. Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne ([5]);

(c) Grúpa Fusong:

— Fusong Jinlong Wooden Group Co., Ltd, Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Fusong Jinqiu Wooden Product Co., Ltd, Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Fusong Qianqiu Wooden Product Co., Ltd, Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Fusong Diwang Wooden Product Co., Ltd, Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne,

— Dalian Qianqiu Wooden Product Co., Ltd, Dalian, Cúige Liaoning, Daon-Phoblacht na Síne.

1.6. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(19) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.7. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(20) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an tionscnamh uathu seo a leanas:

— Lamett Europe N.V., Svartes sro, Labeco BV (Lalegno), Whiteriver (WRG) Ltd, BGP Group srl, Woodco Soc Coop, Avalin Group FZE, Soboplac, Gamma Trading Srl, agus Allmhaireoir A. Aithnítear na cuideachtaí sin le chéile chun críoch an imscrúdaithe seo mar Chomhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais;

— Cumann Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne ('CTTFNS');

— Comhlachas Urláir Iontlaise na hEorpa ('CUIE').

(21) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS go raibh an gearán ag brath ar chainníochtaí allmhairiúcháin i méadair chearnacha ó Eurostat, cainníochtaí a choigeartaigh an gearánach. D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS freisin nár mhínigh an gearánach an gá atá leis an gcoigeartú, ná nár nocht sé an modh coigeartaithe. Thug Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS dá n-aire gur tháinig méadú níos mó ná 20 % ar na cainníochtaí allmhairiúcháin ón tSín le linn na tréimhse lena mbaineann mar thoradh ar úsáid a bhaint as na cainníochtaí allmhairiúcháin coigeartaithe a mhol an gearánach. Dúirt Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS freisin go dtiocfadh laghdú 3 % ar chainníochtaí na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse lena mbaineann dá n-úsáidfí na cainníochtaí allmhairiúcháin mar a thuairiscigh Eurostat, is é sin, gan aon choigeartú. Ina theannta sin, thug Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS le fios go raibh na cainníochtaí allmhairiúcháin coigeartaithe ina mbac ar tháscairí eacnamaíocha eile, mar shampla, praghsanna allmhairiúcháin na Síne, tomhaltas agus sciartha den mhargadh.

(22) Maidir leis sin, thug CUIE le fios, cé go raibh raon dlúis dromchla urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh idir 7 agus 9,5 cileagram ('kg') in aghaidh an mhéadair chearnaigh ('m^2'), go raibh roinnt iontrálacha Eurostat lasmuigh den raon dlúis dromchla sin. Mhínigh CUIE nach mór d'oibreoirí eacnamaíocha an ghlanmhais (tonaí nó cileagraim) a thuairisciú d'údaráis chustaim, ach ní gá gurb é an t-aonad forlíontach (m^2) a bheadh i gceist. Dá bhrí sin, choigeartaigh CUIE na hiontrálacha lasmuigh den raon trína nglanmhais dhearbhaithe a roinnt ar mheándlús an raoin thuasluaite. Thug CUIE an chuid faoi seach den leagan neamhrúnda den ghearán cothrom le dáta freisin chun an modh coigeartaithe a léiriú.

(23) Rinne an Coimisiún anailís ar an tsaincheist freisin le linn an imscrúdaithe agus thug sé aghaidh uirthi faoi roinn 4.4.

([5]) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí an chuideachta ag gníomhú mar Jilin Forest Industry Jinqiao Flooring Group Co., Ltd., Brainse Songjianghe, Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne, ach tar éis na tréimhse imscrúdúcháin rinneadh athstruchtúrú ar an gcuideachta agus aistríodh na gníomhaíochtaí brainse chuig an gcuideachta nuabhunaithe — Jilin Forest Industry New Jinqiao Songlin Flooring Co., Ltd. Songjianghe, Cúige Jilin, Daon-Phoblacht na Síne.

(24) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais nár áiríodh sa ghearán figiúirí le haghaidh cúig cinn as na 15 tháscaire díobhála, go háirithe an toradh ar infheistíocht, tosca a dhéanann difear do phraghsanna an Aontais, éifeachtaí diúltacha iarbhír agus féideartha ar shreabhadh airgid, an pá agus an fás.

(25) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh sé éigeantach na táscairí thuasluaite a áireamh ag céim an ghearáin. Scrúdaigh an Coimisiún na táscairí sin le linn an imscrúdaithe i roinn 4. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(26) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS nach raibh faisnéis iontaofa sa ghearán chun tacú leis an maíomh go raibh díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais. Maidir le macratháscairí, mhaígh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS go raibh na méideanna táirgeachta, úsáid acmhainneachta, díolacháin agus fostaíocht laistigh den Aontas cobhsaí ó 2020 go dtí 2022 agus nár tháinig laghdú orthu ach le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh ar an laghdú ar an éileamh san Aontas. Thairis sin, thug Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS le fios gur mhéadaigh táirgeoirí an Aontais a sciar den mhargadh agus a bpraghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin sa ghearán a léirigh go raibh sláinte eacnamaíoch láidir ag táirgeoirí an Aontais. Maidir le micreatháscairí, luaigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS nach ndeachaigh sonraí táirgthe, díolacháin agus fostaíochta do na Gearánaigh in olcas ach amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, d'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS gur mhéadaigh táirgeoirí an Aontais a n-infheistíochtaí faoi 56 % le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ngearán, rud a bhí ina fhianaise ar a stóinseacht airgeadais. Thug Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS le fios gur cosúil go ndeachaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne in oiriúint níos fearr d'éileamh an Aontais atá ag laghdú le linn na tréimhse imscrúdúcháin: cé gur tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín, tháinig méadú ar leibhéil stoc tháirgeoirí an Aontais. Maidir le feidhmíocht airgeadais, thug Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS dá n-aire gur cosúil gur chuir táirgeoirí an Aontais feabhas ar dhíolacháin agus ar bhrabúsacht araon idir 2020 agus 2022 d'ainneoin an mhéadaithe ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse sin. Ar deireadh, d'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais freisin gur tháinig méadú 21 % ar allmhairí na Síne le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ngearán, agus gur ghearr táirgeoir amháin de chuid an Aontais ar a laghad faoi phraghas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus go ndearna sé brabúis fós.

(27) Mar réamhbharúil, meabhraíonn an Coimisiún gur gá scrúd, *inter alia*, ar na fachtóirí ábhartha de réir na tuairisce in Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán chun teacht ar chonclúid *prima facie* go ndearnadh díobháil ábhartha. Sonraítear go deimhin i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán an fhaisnéis maidir leis na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte a líomhnaítear, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar atá léirithe ag tosca agus ag innéacsanna ábhartha (ach gan iad go léir) ag a bhfuil tionchar ar staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Thairis sin, sonraítear in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán nach liosta cuimsitheach an liosta sin, agus nach gá go bhféadfar treoir chinntitheach a bhunú ar aon cheann amháin nó níos mó de na fachtóirí sin. Dá bhrí sin, ní gá léiriú a bheith sna fachtóirí uile go bhfuil meath ann chun go leagfar síos conclúid *prima facie* go ndearnadh díobháil ábhartha. Ar a bharr sin, ní hionann fachtóirí eile a bheith ann ar féidir go n-imreoidh siad tionchar ar chás thionscal an Aontais agus a rá go cinnte nach bhfuil éifeacht allmhairí a dumpáladh ar an tionscal sin ábhartha.

(28) Léirigh anailís shonrach díobhála an ghearáin a rinne an Coimisiún gur leor an fhianaise a chuir i bhfios go raibh méadú tagtha ar allmhairí ón tSín ar dhul i bhfód ar mhargadh an Aontais (i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta), ar phraghsanna a ghearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais féin agus a dhíol fúthu freisin. Is cosúil go raibh tionchar a rinne díobháil ábhartha do staid thionscal an Aontais aige sin, mar a léiríonn, mar shampla, an t-ísliú ar an táirgeacht, ar na díolacháin agus ar an sciar den mhargadh, meath ar thorthaí airgeadais nó leibhéal na bpraghsanna a ghearrann tionscal an Aontais. I ndáil leis na maímh maidir le macratháscairí sonracha, micreatháscairí sonracha agus sladghearradh praghais, sholáthair an Coimisiún i roinn 4 an measúnú mionsonraithe ar dhíobháil ábhartha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(29) Is é atá sa táirge faoi imscrúdú, painéil urláir chóimeáilte, iad ilsrathach, d'adhmad, atá faoi láthair faoi chód AC 4418 75 00 ('an táirge lena mbaineann). Ní áirítear leis painéil de bhambú nó painéil a bhfuil ar a laghad an tsraith uachtarach díobh (an tsraith chaithimh) déanta de bhambú, ná painéil le haghaidh urláir mhósáice.

(30) Is táirge monaraithe adhmadbhunaithe é urlárlach adhmaid ilsrathaigh atá comhdhéanta de roinnt sraitheanna de veiníríadhmaid atá greamaithe nó nasctha le chéile. Úsáidtear urlárlach adhmaid ilsrathaigh go príomha le haghaidh urláir faoi dhíon.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(31) Is ionann an táirge lena mbaineann agus an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne ('an táirge lena mbaineann')

2.3. **An táirge comhchosúil**

(32) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(33) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(34) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(35) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun urlárlach adhmaid ilsrathaigh a tháirgeadh. Chuir 73 tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(36) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(37) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Tuirc roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(38) An 23 Lúnasa 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa Nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha tíre ionadaíche iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán agus infhaighteacht faisnéise airgeadais ábhartha, shainaithin an Coimisiún trí thír ionadaíocha fhéideartha, is iad sin, an Tuirc, an Indinéis agus an Mhalaeisia. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún ag an am, mheas sé go bhféadfadh an Tuirc a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí. Fuair an Coimisiún dhá aighneacht le barúlacha maidir leis an Nóta i gcomhpháirt ó dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, is iad sin grúpa JINFA agus Grúpa Fusong Jinlong. Chuir Comhlachas Urláir Iontlaise na hEorpa (an gearánach) barúlacha isteach freisin. Tugtar aghaidh ar na barúlacha go mion i roinn 3.2.

(39) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc óna bhféadfaí praghsanna agus costais neamhshaofa a fháil chun an gnáthluach a chinneadh.

3.2. **An Gnáthluach**

(40) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(41) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*' agus '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*' ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar '*costais riaracháin, díola agus ghinearálta*').

(42) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa *comhoibriú* ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(43) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sonraítear gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu*'. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— *an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;*

— *an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;*

— *beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;*

— *maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;*

— *saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;*

— *rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.*'

(44) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta.

(45) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá idir lámha. Sa mheasúnú foriomlán i leith an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(46) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] *gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh* saobhadh *suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(47) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('an *Tuarascáil*') ([6]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe (amhail earnáil na dtáirgí adhmadbhunaithe). Iarradh ar pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdúcháin tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh.

(48) D'áitigh an gearánach nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán agus, mar thoradh air sin, nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí.

(49) Chun tacú leis an seasamh sin, thagair an gearánach don fhianaise atá sa Tuarascáil, chomh maith leis na torthaí in imscrúduithe a rinne an Coimisiún agus údaráis na Stát Aontaithe roimhe seo.

(50) Go háirithe, léirigh an gearánach torthaí an Choimisiúin roimhe seo maidir le córas eacnamaíoch na Síne a bheith bunaithe ar fhoirceadal an gheilleagair margaidh shóisialaigh, ar phríomhról Pháirtí Cumannach na Síne ('*Páirtí*') agus ar bheartas eacnamaíoch idirghabhálach an stáit.

(51) Thairis sin, agus é á chur in iúl aige go bhfuil tionscal an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh mar chuid d'earnálacha foraoiseachta agus táirgí adhmaid na Síne, mheabhraigh an gearánach na heilimintí seo a leanas a léirigh go bhfuil saobhadh suntasach ann.

(52) Ar an gcéad dul síos, is iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi rialú, nó faoi mhaoirseacht nó treorú beartais údarás stáit a bhíonn ag freastal, cuid mhór, ar an earnáil urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh:

— Mar a bunaíodh i gcás sraithadhmaid okoumé ([7]), thug Páirtí Cumannach na Síne aird ar ról suntasach in oibríochtaí agus i bpróisis chinnteoireachta chuideachtaí na Síne, lena n-áirítear na cuideachtaí príobháideacha.

— Tá sé sin le feiceáil freisin ar leibhéal Chumann Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne ('*CTTFNS*'). De réir Airteagal 4 d'Airteagail Chomhlachais CTTFNS, *glacann an eagraíocht le 'treoraíocht, maoirseacht agus bainistíocht ghairmiúil* […] *ó Riarachán Foraoiseachta agus Féarthalún an Stáit agus ón Aireacht Gnóthaí Sibhialta*' ([8]).

([6]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid okoumé de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga, IO L 153, 14.6.2023, lch. 3.IO 2023 L/153, aithris 83; http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1159/oj.

([8]) Airteagail Chomhlachais Chumann Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne, a glacadh an 21 Aibreán 2009, féach ag: http://www.cnfpia.org/about-law.html (arna rochtain an 25 Deireadh Fómhair 2024).

— Ina theannta sin, is é ceann de na grúpaí tionscail foraoise is mó sa tSín an fiontar faoi úinéireacht stáit Jilin Forest Industry Group Co., Ltd. (‘*Grúpa Jilin*’). Is príomh-mhonaróir Síneach táirgí urláir adhmaid é Grúpa Jilin agus tá stoc foraoise seasta de 172 000 000 méadar ciúbach aige (rialaíonn an grúpa go haonarach ocht bpáirc foraoise náisiúnta sa tSín) ([9]).

(53) Ar an dara dul síos, cuireann láithreacht an stáit i gcuideachtaí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh ar chumas na n-údarás stáit cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais freisin:

— Faoi dhlí cuideachtaí na Síne, ní mór do gach cuideachta eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne a bhunú má tá triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad aici, mar a leagtar amach i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([10]) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le hearnáil urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh na Síne. Mar shampla, bhunaigh ball de Chomhdháil Chomhairleach Pholaitiúil Phobal na Síne ar leibhéal an chontae Zhejiang Yuhua Wood Industry, ceann de na gnólachtaí táirgí adhmaid agus urláir adhmaid is mó le rá sa tSín ([11]).

— Is fianaise bhreise é forleithne láithreacht an stáit i slabhra luacha an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar an tionscal sin maidir le praghsanna agus costais, go háirithe i bhfianaise a láithreachta agus a hidirghabhála i margaí airgeadais na Síne agus i soláthar amhábhar ([12]).

(54) Ar an tríú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile acu ar fhórsaí an mhargaidh shaoir:

— Úsáidtear rialacha soláthair phoiblí go rialta chun spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach ([13]). Ar an gcaoi chéanna, úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlisí chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([14]). Tá táirgí urláir adhmaid le feiceáil go suntasach sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Forbairt an Tionscail Foraoise agus Féaraigh (2021-2025) (‘*an 14ú Plean Cúig Bliana Foraoise*’). Ina theannta sin, mar a thug an Coimisiún dá aire i gcás sraithadhmaid okoumé agus bunaithe ar leagan bunaidh na Síne den doiciméad, leagtar síos sa 14ú Plean Cúig Bliana Foraoise spriocanna sonracha aschuir le haghaidh na margaí sin: ‘*faoi 2025* [...] *déanfar aschur urláir a chobhsú ag thart ar 800 milliún méadar cearnach, agus beidh luach aschuir troscáin adhmaid níos mó ná RMB 800 billiún*’ ([15]).

— Tá tionscal foraoiseachta agus féir na Síne faoi réir Thuairim Threorach 2019 ón Riarachán Foraoiseachta agus Féaraigh ([16]) maidir le Forbairt Ardcháilíochta Thionscal na Foraoiseachta agus an Fhéaraigh a Chur Chun Cinn (‘*Tuairim Threorach Foraoiseachta*’) freisin inar leagadh síos paraiméadair d’fhorbairt bheartaithe na hearnála: ‘*faoi 2025,* [...] *cuirfear feabhas suntasach ar acmhainneacht tacaíochta na n-acmhainní foraoise agus féir,* [...] *agus sroichfidh méid trádála allmhairithe agus onnmhairithe táirgí foraoise 240 USD billiún*’ ([17]).

([9]) Féach: http://www.jlsgjt.com/english/index.htm (arna rochtain an 25 Deireadh Fómhair 2024).
([10]) Tuarascáil, Caibidil 2, lch. 26.
([11]) Féach: https://www.made-in-china.com/showroom/yuhuatimber/ (arna rochtain an 25 Deireadh Fómhair 2024).
([12]) Tháinig an Coimisiún ar chonclúid chomhchosúil i gcás sraithadhmaid okoumé, féach Rialachán 2023/1159, aithris 59.
([13]) Tuarascáil, Caibidil 7, lgh. 167-168.
([14]) Tuarascáil, Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.
([15]) Féach Rialachán 2023/1159, aithris 61.
([16]) ‘*NFGA*’.
([17]) Féach: https://www.gov.cn/xinwen/2019-02/19/content_5366730.htm (arna rochtain an 25 Deireadh Fómhair 2024).

(55) Ar an gceathrú dul síos, amhail earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá earnáil urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh faoi réir saobhadh a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine nó as iad a fhorfheidhmiú go neamhleor:

— Shuigh an Coimisiún i gcás fabraicí snáithíní gloine go bhfuil saobhadh ann a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach na reachtaíochta ábhartha, go háirithe maidir le dócmhainneacht agus leithdháileadh ceart úsáide talún ([18]).

— I gcás sraithadhmaid okoumé, thug an Coimisiún dá aire gur léir go háirithe easnaimh chóras chearta maoine Dhaon-Phoblacht na Síne i gcomhthéacs úinéireacht talún agus chearta úsáide talún na tíre araon ([19]).

— Thairis sin, ós rud é go bhfuil bainistíocht foraoise na Síne faoi dhlínse NFGA, déanann údarás foraoiseachta na Síne maoirseacht ar fhormheas na ngníomhaíochtaí próiseála adhmaid uile sa tír ([20]).

(56) Ar an gcúigiú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh in earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh freisin:

— Chinn an Coimisiún roimhe seo nach féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níl ach eagraíocht aontais amháin gníomhach sa tSín, ach níl neamhspleáchas aici ón stát ([21]).

— Ina theannta sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta ag an gcóras clárúcháin teaghlaigh. Mar gheall air sin de ghnáth, fágtar na hoibrithe sin nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad pá níos ísle ná na daoine ar sealbhóirí an chláraithe cónaitheachta iad ([22]).

(57) Ar an séú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí in earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí an bheartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile:

— Tá bainc na Síne agus comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, mar shampla, margaí stoic, bannaí agus cothromais phríobháidigh, curtha ar bun go hinstitiúideach agus go hoibríochtúil ar bhealach nach bhfuil dírithe ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([23]). Tá na bainc fós ceangailte leis an stát, ní hamháin trí úinéireacht ach trí chaidreamh pearsanta freisin. Go háirithe, is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an stáit ([24]).

— Feidhmíonn na hinstitiúidí airgeadais sa tSín faoi rialacha a dhíríonn airgead ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([25]). Mar thoradh ar an staid sin, bíonn claonadh ann i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a chiallaíonn nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh ([26]).

(58) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le fáil in earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh.

([18]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte, aithrisí 139-141; http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/492/oj.

([19]) Féach Rialachán 2023/1159, aithris 64.

([20]) An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, Tuarascáil Tíre, 'An tSín', 2020, féach ag: https://openknowledge.fao.org/server/api/core/bitstreams/8612fc97-9e62-460c-b57e-fdb7f6749772/content (arna rochtain an 18 Samhain 2024).

([21]) Féach Rialachán 2020/492, aithris 143.

([22]) Féach Rialachán 2020/492, aithris 143; Tuarascáil, lgh. 337-341; Rialachán 2023/1159, aithris 67.

([23]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 120-135.

([24]) Tuarascáil, Caibidil 6, lch. 119.

([25]) Tuarascáil, Caibidil 5, lgh. 121-122, 126-128 agus 133-135.

([26]) Féach Rialachán 2023/1159, aithris 74.

(59) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise atá ar fáil sa chomhad.

(60) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.1.1. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus costais intíre sa tSín

(61) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal *'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre'* ([27]).

(62) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit *'fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta'* agus tá sainordú ag an stát chun *'comhdhlúthú agus fás an gheilleagair'* a áirithiú ([28]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann leagan amach foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha ón rialtas a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(63) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuirtear ar iontaoibh an stáit leis seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir an dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([29]).

(64) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(65) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(66) Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]*s í gné shainiúil an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*' ([30]). Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, smacht atá ag fás de shíor.

(67) Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

(68) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag féachaint ar na coinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([31]). Is iomaí uirlis eacnamaíoch idirghabhálach a mbaineann údaráis na Síne úsáid aisti, lena n-áirítear córas an phleanála tionscail, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

([27]) Tuarascáil, Caibidil 2, lch. 7.
([28]) Tuarascáil, Caibidil 2, lgh. 7-8.
([29]) Tuarascáil, Caibidil 2, lgh. 10, 18.
([30]) Féach: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.html (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([31]) Tuarascáil, Caibidil 2, lgh. 29-30.

(69) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas.

(70) Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí.

(71) Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh.

(72) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an mhéid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([32]).

(73) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus ag an bainc bheartais ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith ([33]).

(74) Baineann an rud céanna le comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, margaí bannaí, margaí cothromais príobháideacha etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte i dtreo fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo smacht a áirithiú agus idirghabháil an stáit agus an Pháirtí a cheadú ([34]).

(75) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níl cineál na spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([35]).

(76) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht suntasach ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([36]).

(77) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha ón rialtas agus lena spreagtar iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([37]).

([32]) Tuarascáil, Caibidil 4, lgh. 57, 92.
([33]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 149-150.
([34]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 153 -171.
([35]) Tuarascáil, Caibidil 7, lgh. 204-205.
([36]) Tuarascáil, Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([37]) Tuarascáil, Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.

3.2.1.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir

(78) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(79) Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, mar shampla, Nature Home ([38]), Power Dekor ([39]) nó Der ([40]) ach, go pointe áirithe, cuideachtaí faoi úinéireacht stáit freisin, mar shampla, Grúpa Jilin ([41]).

(80) Mar sin féin, is gnách do Pháirtí Cumannach na Síne anois idirghabhálacha a dhéanamh sa chinnteoireacht oibríochtúil, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit, ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([42]), agus éilíonn an Páirtí Cumannach ceannaireacht ar beagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid ar fhás struchtúir an stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín.

(81) Thairis sin, tá earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh faoi réir roinnt beartas rialtais, ós rud é gur liostaíodh an earnáil próiseála adhmaid mar thionscal atáthar a spreagadh i dTreoir-chatalóg 2019 le haghaidh coigeartú struchtúrach an tionscail ([43]), agus ina leagan nuashonraithe do 2024 ([44]). Ar an gcaoi chéanna, leagtar amach na cuspóirí seo a leanas sa 14ú Plean Cúig Bliana Foraoise: '*Forbairt, cur i bhfeidhm agus cur chun cinn greamachán nua atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a spreagadh, agus cion na dtáirgí próiseála adhmaid atá íseal ó thaobh formaildéid de agus saor ó fhormaildéad a mhéadú de réir a chéile*. *Tionscail bhuntáisteacha traidisiúnta a chomhdhlúthú agus a fheabhsú, mar shampla urláir adhmaid* [...]. *Faoi 2025,* [...] *cobhsóidh aschur urláir ag thart ar 800 milliún méadar cearnach* ([45])'.

(82) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([46]). Mar shampla, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CTTFNS, '*glacann an eagraíocht leis an treoir ghnó, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail*' ([47]).

(83) Nature Home, Der chomh maith le Jilin Forest Industry Jinqiao Flooring Group, fochuideachta de chuid Ghrúpa Jilin atá faoi úinéireacht an stáit, tá siad ina gcomhaltaí de CTTFNS ([48]).

(84) Ar an gcaoi chéanna, sonraíonn Comhlachas Dáileacháin Adhmaid agus Táirgí Adhmaid na Síne freisin in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais '*go nglacann an eagraíocht le treoraíocht, maoirseacht agus bainistíocht ghnó na n-eintiteas atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, na n-eintiteas atá i gceannas ar fhoirgnimh an Pháirtí, chomh maith leis na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail*' ([49]) agus go gcuireann sí í féin i láthair mar '*c[h] omhlachas atá faoi réir riarachán na hAireachta Gnóthaí Sibhialta agus mhaoirseacht agus threoraíocht Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní faoi Úinéireacht Stáit* […]' ([50]).

([38]) Féach: https://www.nature-cn.cn/about.html (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([39]) Féach: http://www.powerdekor-woodfloor.com/?c=12 (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([40]) Féach: https://www.der.com.cn/index.php/about.html (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([41]) Féach ag: http://cn.jinqiaoflooringgroup.com/ (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([42]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach freisin Tuarascáil, Caibidil 3, lgh. 47-50.
([43]) Féach Roinn I.1.39, lch. 4, ar fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf, (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([44]) Féach Roinn I.1.7, lch. 11, ar fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf, (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([45]) Féach Roinn III.2, lch. 4, ar fáil ag: http://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/13/content_5673332.htm, (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([46]) Tuarascáil, Caibidil 2, lgh. 24-27.
([47]) Féach ag: http://www.cnfpia.org/about-law.html (arna rochtain an 7 Samhain 2024).
([48]) Féach ag: http://www.lcjzwl.com/dongtaifabu1/3248.html (arna rochtain an 8 Samhain 2024).
([49]) Féach ag: https://www.cnwood.org.cn/article/11_1102_0_0.html (arna rochtain an 8 Samhain 2024).
([50]) Féach ag: https://www.cnwood.org.cn/article/11_1101_0_0.html (arna rochtain an 8 Samhain 2024).

(85) Is comhalta de Chomhlachas Dáileacháin Adhmaid agus Táirgí Adhmaid na Síne é Power Dekor agus feidhmíonn cathaoirleach a bhoird stiúrthóirí mar leas-uachtarán ar bhord stiúrthóirí an chumainn freisin ([51]).

(86) Dá bhrí sin, fiú táirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil faoi réir maoirseacht beartais agus treorach.

3.2.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: láithreacht an Stáit i ngnólachtaí rud a lamhálann don stát cur isteach a dhéanamh maidir le praghsanna nó costais

(87) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Go deimhin, is cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair phríobháideacha araon, agus cainéal tábhachtach trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(88) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([52])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(89) San am atá thart, ba chosúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad, tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na n-éileamh atá aige i leith cinntí gnó a rialú i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([53]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([54]).

(90) In 2018 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 73 % den 2,57 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([55]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(91) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, scaoileadh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('*na Treoirlínte*') ([56]), rud a chuir le ról na gcoistí Páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(92) Luaitear an méid a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '*ní mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin*'; agus i Roinn III.6 deirtear: '[n]*í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar a gcumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe*'. Cuirtear béim sna Treoirlínte, mar sin, ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([57]).

(93) Deimhníodh san imscrúdú reatha gurb ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí/feidhmeanna an Pháirtí in earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh freisin. Chun sampla a thabhairt, feidhmíonn comhalta de bhord stiúrthóirí Der mar rúnaí Páirtí scairshealbhóir rialaithe na cuideachta freisin ([58]). Thairis sin, feidhmíonn cathaoirleach bhord stiúrthóirí Jilin Forest Industry Jinqiao Flooring Group mar rúnaí choiste Páirtí an ghrúpa freisin ([59]).

([51]) Féach ag: https://www.cnwood.org.cn/article/11_1151_0_0.html (arna rochtain an 8 Samhain 2024).
([52]) Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 40.
([53]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: 'The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster' [*An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc*]; Gnóthaí Eachtracha, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([54]) Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 41.
([55]) Féach ag: https://merics.org/en/comment/who-ccp-chinas-communist-party-infographics (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([56]) Na Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, féach ag: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([57]) Financial Times (2020) - Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise, [Cuireann Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta in iúl maidir le fiontair phríobháideacha] féach: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).
([58]) Féach ag: http://static.cninfo.com.cn/finalpage/2024-04-20/1219691321.PDF, lch. 45 (arna rochtain an 8 Samhain 2024).
([59]) Féach ag: http://www.menchuang.net/news/131307.html (arna rochtain an 8 Samhain 2024).

(94) Ina theannta sin, cloíonn Power Dekor *'le treoir Machnamh Xi Jinping ar an Sóisialachas a bhfuil Saintréithe Síneacha aige le haghaidh Ré Nua, agus déanann sé staidéar, poiblíocht agus cur chun feidhme críochnúil ar mheon an 20ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne, ag soláthar ráthaíochtaí láidre polaitiúla, idé-eolaíocha agus eagraíochtúla don Ghrúpa chun a chuspóirí agus a chúraimí gnó a chur i gcrích agus forbairt ardcháilíochta a bhaint amach'* ([60]).

(95) Tá tionchar saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchur ([61]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, in earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir ar chaoi eile

(96) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(97) Ar an iomlán, is é an toradh a bhíonn ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile ó thaobh na polaitíochta de, in ionad na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([62]).

(98) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh.

(99) Mar shampla, tá an fhoráil seo a leanas sa Tuairim Threorach Foraoiseachta: *'Faoi 2025, bunófar an córas agus an sásra chun úsáid réasúnach a bhaint as acmhainní foraoise agus féir go bunúsach, cuirfear feabhas suntasach ar acmhainneacht tacaíochta acmhainní foraoise agus féir, méadófar aschur táirgí ardcháilíochta foraoise agus féir go suntasach, agus leathnófar trádáil táirgí foraoise a thuilleadh, agus déanfar iarracht luach an aschuir foraoiseachta náisiúnta a mhéadú 50 % ar an mbonn reatha.* [...] *Faoi 2035,* [...] *déanfar scála thionscal na foraoiseachta agus an fhéir a leathnú a thuilleadh,* [...] *déanfar struchtúr an tionscail a bharrfheabhsú a thuilleadh, cuirfear feabhas cuimsitheach ar cháilíocht na dtáirgí agus ar leibhéal na seirbhíse, beidh an mhaoirseacht ar úsáid acmhainní níos éifeachtúla, chun feabhas leanúnach a chur ar chumas na hearnála freastal ar straitéisí náisiúnta.'*

(100) Thairis sin, ar leibhéal na gcúigí, is é is aidhm don 14ú Plean 5 Bliana de chuid Chúige Féinrialaitheach Guangxi maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus peirspictíochtaí 2035 ([63]) *'slabhraí tionscail buntáisteacha a chomhlánú, a neartú agus a leathnú'*, lena n-áirítear trí *'chlaochlú agus uasghrádú tionscal traidisiúnta amhail* [...] *próiseáil adhmaid a chur chun cinn'*. Thairis sin, maidir leis an tionscal próiseála foraoiseachta: *'díriú ar fhorbairt na bpainéal déanta páipéir* [agus] *na bpainéal adhmadbhunaithe* [...]' agus *'díriú ar shlabhra tionscail iomlán a thógáil de bhord monaraithe, de throscán agus de throscán tí.'*

(101) Ar an leibhéal áitiúil freisin, ghlac Ceantar Shuyang (cúige Jiangsu) Tuairim i mí Eanáir 2024 maidir le Forbairt Ardcháilíochta an tionscail próiseála adhmaid agus monaraíochta troscáin ([64]) arb é is aidhm dó *'faoi dheireadh 2026, 1-2 chuideachta liostaithe, 1-2 ghrúpa fiontair a chothú ag a bhfuil luach aschuir níos mó ná RMB 5 bhilliún agus cáilíocht na dtonaí sa tionscal a fheabhsú go leanúnach* [...] [agus] *an slabhra tionscail a fheabhsú, sciar na dtáirgí críochnaithe amhail urláir ardleibhéil, troscán agus ábhair mhaisiúla a mhéadú.'*

([60]) Féach Tuarascáil 2023 maidir le Forbairt Inbhuanaithe Power Dekor, lch. 23, atá ar fáil ag: https://powerdekor.com.cn/93/ (arna rochtain an 8 Samhain 2024).
([61]) Tuarascáil, Caibidil 12.
([62]) Tuarascáil, Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([63]) Féach Roinn XI.1 agus XV.3 den phlean; le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dffzgh/202106/t20210617_1283435.html (arna rochtain an 11 Samhain 2024).
([64]) Féach ag: https://shyang.investchn.com/news/detail/id/512215.html (arna rochtain an 11 Samhain 2024).

(102) Ina theannta sin, fós i gcúige Jiangsu, deimhníodh san imscrúdú gurb ann do bheartais fhabhracha na n-údarás poiblí agus na mbanc faoi úinéireacht an stáit i leith monaróirí aonair urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh, mar atá i gcás Der lenar síníodh in 2020 '*comhaontú comhair straitéisigh le Biúró Bardasach* Tionsclaíochta *agus Teicneolaíochta Faisnéise Suzhou, Banc Tionscail agus Tráchtála na Síne (Brainse Suzhou) agus Banc na Síne (Brainse Suzhou)*' ([65]). Síníodh an comhaontú sin faoi mhaoirseacht chomhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne de Choiste Pháirtí Bardasach Suzhou agus tá sé d'aidhm aige '*tacú le forbairt* [an] *fhiontair phríobháidigh agus claochlú agus uasghrádú* [an] *fhiontair a chur chun cinn go comhpháirteach*'.

(103) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(104) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.2.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(105) De réir na faisnéise atá ar taifead, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach go sásúil amhail éilimh agus fiachais a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil é go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiú córasach ina shaintréith den chóras Síneach.

(106) Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, toisc, thar aon ní eile, go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([66]).

(107) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([67]). Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([68]). Thairis sin, is minic a thugann na húdaráis faoi spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([69]).

(108) Cosúil le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Is cosúil go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na foraoiseacht agus próiseáil adhmaid, agus dá bhrí sin in earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú seo lena gcaithfí amhras ar na torthaí sin.

(109) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

([65]) Féach ag: https://www.sohu.com/a/423747078_120186115 (arna rochtain an 12 Samhain 2024).
([66]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 171-179.
([67]) Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 260-261.
([68]) Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 257-260.
([69]) Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 252-254.

3.2.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(110) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiún bunúsach de chuid EIS, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([70]).

(111) Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn amháin gníomhach. Níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit, áfach, agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([71]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith.

(112) Mar gheall air sin de ghnáth, fágtar na hoibrithe sin nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na sealbhóirí an chláraithe cónaitheachta ([72]).

(113) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais pá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile

(114) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir saobhadh éagsúil.

(115) Ar an gcéad dul síos, saintréith de chuid chóras airgeadais na Síne is ea staid láidir na mbanc atá faoi úinéireacht an stáit na Síne ([73]), ar bainc iad a chuireann critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht an stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an stáit) ([74]) agus cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta.

(116) Agus é sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([75]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla a chur i bhfeidhm.

([70]) Tuarascáil, Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([71]) Tuarascáil, Caibidil 13, lch. 366.
([72]) Tuarascáil, Caibidil 13, lgh. 370-373.
([73]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 137-140.
([74]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 146-149.
([75]) Tuarascáil, Caibidil 6, lch. 149.

(117) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta é ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnálacha na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([76]). Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi '*a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfiorgheilleagar*', agus go háirithe an chaoi '*a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn*' ([77]).

(118) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([78]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar a spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([79]). Dá bharr sin, bíonn claonadh ann i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(119) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(120) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais fós mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir, ach bíonn tionchar ag saobhadh a spreagann an rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ag deireadh 2018 ([80]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí '*ráta úis mhargadh na n-iasachtaí a threorú síos*' ([81]). Dá thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(121) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(122) Go bunúsach, d'ainneoin na bearta a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

([76]) Féach an *plean gníomhaíochta 3 bliana chun rialachas corparáideach na n-earnálacha baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)* a d'eisigh Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('*CBIRC*') an 28 Lúnasa 2020; le fáil ag: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta* [...] *Ní mór saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a bheith pléite ag Coiste an Pháirtí sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh i ndáil leo*'.

([77]) Féach an *Fógra maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála* a d'eisigh CBIRC an 15 Nollaig 2020, atá ar fáil ag: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([78]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 157-158.

([79]) Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

([80]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, féach ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

([81]) Féach ag: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

(123) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.1.8. An cineál sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(124) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a dtugtar tuairisc orthu thuas agus i gCuid I den Tuarascáil ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh atá maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

(125) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí (78) - (123). Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(126) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí na praghsanna díola intíre den táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil.

(127) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(128) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair.

3.2.1.9. Argóintí ó na páirtithe leasmhara

(129) An 2 Meán Fómhair 2024, chuir Grúpa Jinfa agus Grúpa Fusong Jinlong tacar barúlacha isteach go comhpháirteach mar fhreagairt ar an Nóta maidir le tosca táirgeachta.

(130) Ar an gcéad dul síos, ghlac na páirtithe an seasamh nach bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán infheidhme mar gheall ar a neamh-chomhoiriúnacht le comhaontuithe EDT agus na rialuithe ó Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT (*'DSB'*).

(131) D'áitigh na páirtithe an méid seo a leanas i ndáil leis sin:

(a) ós rud é go ndeachaigh roinnt forálacha de Phrótacal Aontachais na Síne leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála atá ábhartha maidir le ríomh dumpála in éag an 11 Nollaig 2016, nach mór don Aontas a oibleagáidí comhfhreagracha faoi dhlí na hEagraíochta Domhanda Trádála a urramú;

(b) i gcomhréir le torthaí an Bhuanchomhlachta Achomhairc in DS473, chun na costais a ríomh chun gnáthluach an táirge lena mbaineann a fháil nuair nach féidir an praghas intíre sa tír is onnmhaireoir a úsáid, ní cheadaítear do na húdaráis imscrúdúcháin meastóireacht a dhéanamh ar na costais a thuairiscítear sna taifid a choinníonn an t-onnmhaireoir/táirgeoir de bhun tagarmharc nach mbaineann leis na costais táirgthe sa tír thionscnaimh.

(132) Ar an dara dul síos, d'áitigh na páirtithe nach bhfuil fianaise mhaith ann maidir leis an saobhadh líomhnaithe agus, fiú dá mbeidís ann, nach ndearna siad difear don táirge lena mbaineann.

(133) D'áitigh na páirtithe go háirithe:

(a) gur de chineál ginearálta iad na líomhaintí sa ghearán agus baineann siad le struchtúr geilleagair na Síne, seachas le hearnáil an táirge lena mbaineann. Braitheann siad den chuid is mó ar an Tuarascáil agus ar imscrúduithe an Choimisiúin roimhe seo. Tá amhras ann faoi luach fianaiseach agus faoi ábharthacht na dtosca trasearnálacha líomhnaithe atá i ngeilleagar na Síne a mheastar a bheith saofa de réir na Tuarascála. Go háirithe, ní nochtar sa Tuarascáil aon nasc le tionscal urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh na Síne. Maidir leis an imscrúdú roimhe seo ón gCoimisiún, tá amhras ann faoi spleáchas na ngearánach ar na torthaí i gcás sraithadhmaid okoumé, ós rud é nach ionann an fhianaise sa chás sin agus an fhianaise atá ábhartha don imscrúdú reatha, agus toisc nach féidir a thoimhdiú go ndéanann na cinntí maidir le hidirghabhálacha rialtais de bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán ó chás sraithadhmaid okoumé an difear céanna do mhargadh an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh;

(b) níor chuir na gearánaigh fianaise leordhóthanach ar fáil a thugann le fios go bhfreastalaíonn cuideachtaí atá faoi rialú an Stáit 'ar bhealach suntasach' ar mhargadh an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh, nó go mbeadh an Stát i láthair i ngnólachtaí 'a ligfeadh don Stát cur isteach i ndáil le praghsanna agus costais'. Níor shonraigh na gearánaigh ach an oiread cad é an líon iomlán táirgeoirí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de chuid na Síne agus an sciar den mhargadh atá ag na cuideachtaí a líomhnaítear a bheith faoi rialú Rialtas na Síne. I ndáil leis sin, chuir na páirtithe in iúl nach bhfuil i gceist leis an bhfiontar faoi úinéireacht stáit Grúpa Jilin, dá dtagraíonn na gearánaigh, ach thart ar 10 % d'onnmhairí iomlána an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'áitigh na páirtithe freisin gur theip ar na gearánaigh aon fhianaise a chur ar fáil a léiríonn láithreacht Pháirtí Cumannach na Síne a mhéid a bhaineann leis na páirtithe.

(134) Maidir le hargóintí na bpáirtithe maidir le comhoiriúnacht le dlí EDT, mheabhraigh an Coimisiún, in imeachtaí frithdhumpála a bhaineann le táirgí ón tSín, go bhfuil feidhm fós ag na codanna de roinn 15 de Phrótacal Aontachais na Síne le EDT nach bhfuil imithe in éag agus gnáthluach á chinneadh, i ndáil le caighdeán an gheilleagair margaidh agus i ndáil le húsáid modheolaíochta nach bhfuil bunaithe ar chomparáid dhocht le praghsanna nó costais na Síne.

(135) Maidir le tagairt na bpáirtithe do DS473, mheabhraigh an Coimisiún nár bhain Tuarascáil an Bhuanchomhlachta Achomhairc in DS473 le cur chun feidhme Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le coinníoll ar leith laistigh d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, ceadaítear le dlí EDT, arna léirmhíniú ag an gComhlacht Achomhairc in DS473, sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú go cuí nuair is gá an coigeartú sin agus nuair atá bunús leis. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh le hargóintí na bpáirtithe.

(136) Maidir le hargóintí na bpáirtithe ar fhianaise leordhóthanach chun a léiriú gurb ann do shaobhadh suntasach, mheabhraigh an Coimisiún ag an tús gur féidir leis, de réir Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin, má mheasann an Coimisiún gur leor an fhianaise a chuir na gearánaigh isteach maidir leis an saobhadh suntasach. Chuir an Coimisiún in iúl sa chomhthéacs sin, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta i *Viraj Profiles*, nach ionann cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun critéir leordhóthanacht na fianaise a chomhlíonadh chun imscrúdú a thionscnamh agus an méid is gá chun críche réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil, díobháil nó nasc cúisíoch a bheith ann ([82]). Dá bhrí sin, chomhlíon an gearán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, i gcomhar le hAirteagal 2(6a)(d). Go deimhin, mar a thugtar le fios san fhógra tionscnaimh, mheas an Coimisiún ag céim an tionscnaimh gur leor an fhianaise a bhí ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léirigh ar an iomlán nach iomchuí na praghsanna agus na costais intíre sa tSín a úsáid i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, agus, ó tharla sin amhlaidh, go n-éilítear imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([82]) Breithiúnas an 11 Iúil 2017, Viraj Profiles v an Chomhairle, T-67/14, EU:T:2017:481, mír 98.

(137) Dá bhrí sin, lean an Coimisiún d'fhianaise a thabhairt i leith an tsaofa sin. Chun é sin a dhéanamh, bhailigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, na sonraí is gá chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach agus a thionchar agus an úsáid a bhaintear as an modheolaíocht a fhorordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán ina dhiaidh sin. Cuirtear i láthair i ranna 3.2.1.2 agus 3.2.1.3 den Rialachán seo na sonraí a bhailíonn an Coimisiún agus na conclúidí a tháinig as sin, cibé acu maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht stáit a bheith i láthair in earnáil an táirge lena mbaineann nó maidir leis na naisc le Páirtí Cummannach na Síne. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir glacadh le hargóintí na bpáirtithe ar an bhfianaise atá sa ghearán.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

Barúlacha ginearálta

(138) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([83]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(139) Mar a mhínítear in aithris (38), an 23 Lúnasa 2024 d'eisigh an Coimisiún nóta le haghaidh an chomhaid maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh agus maidir le tosca táirgeachta (dá ngairtear 'an Nóta' anseo feasta). Sa Nóta sin, tuairiscíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin bhféidearthacht an Tuirc a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(140) Sa Nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Tuirc, an Mhalaeisia agus an Indinéis inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(141) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le leibhéal forbartha eacnamaíche na dtíortha sainaitheanta. Sholáthair grúpa JINFA agus grúpa Fusong barúlacha maidir leis na dálaí eacnamaíocha sa Tuirc. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin in aithris (151) thíos.

Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(142) Sa Nóta, thug an Coimisiún le fios i gcás na dtíortha a sainaithníodh mar thíortha ina bhfuil táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh, i.e. an Tuirc, an Mhalaeisia agus an Indinéis, gur gá infhaighteacht na sonraí a fhíorú a thuilleadh, go háirithe maidir leis na sonraí atá ar fáil go héasca a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin tagarmharcanna neamhshaofa a bhunú le haghaidh na dtosca táirgeachta, agus maidir leis na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin méid neamhshaofa agus réasúnach a shuí le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta ('SGA') agus le haghaidh na mbrabús.

([83]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(143) A mhéid a bhaineann leis na sonraí atá ar fáil go héasca lena gcuirfí ar a chumas dó tagarmharcanna neamhshaofa de na tosca táirgeachta a shuí, rinne an Coimisiún anailís sna sonraí Nóta a thuairiscigh GTA maidir le hallmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sna tíortha ionadaíocha féideartha, ón tSín agus ó thíortha eile a d'fhéadfadh saobhadh a bheith ann, lena n-áirítear an Rúis.

(144) Thug an Coimisiún dá aire, i gcás na gCód CC a chomhfhreagraíonn do tosca táirgeachta áirithe (veinírí de chineálacha éagsúla adhmaid, sraithadhmad bloc-chláir, agus adhmad sáfa poibleoige), go raibh cion ard allmhairí ón tSín isteach san Indinéis agus isteach sa Mhalaeisia. Thairis sin, i gcás Chód CC 4408 90, a chomhfhreagraíonn do veinírí (lena n-áirítear veinírí darach), bhí cion ard allmhairí ón Rúis isteach sa Tuirc. Mheas an Coimisiún, mar gheall ar na smachtbhannaí a forchuireadh in 2022 ar an Rúis ar tháirgí adhmaid tar éis an fhogha mhíleata a thug sí faoin Úcráin agus cion ard na n-allmhairí ón Rúis isteach sa Tuirc, gur dócha go ndéanfaí praghsanna na n-allmhairí ón Rúis isteach sa Tuirc a shaobhadh.

(145) A mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht sonraí airgeadais ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú, ba iad seo a leanas torthaí réamhanailís an Choimisiúin sa Nóta, bunaithe ar shonraí ó bhunachar sonraí 'Orbis' ([84]):

— I gcás na Malaeisia, ní raibh an Coimisiún in ann ach táirgeoir amháin den táirge faoi imscrúdú a shainaithint le faisnéis airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh 2022, rud a léirigh brabúsacht dhearfach. Mar sin féin, ní raibh an fhaisnéis airgeadais sin mionsonraithe go leor chun gur féidir a costais díola, ghinearálta agus riaracháin (SGA) a ríomh.

— I gcás na hIndinéise, ní raibh an Coimisiún in ann aon táirgeoir den táirge faoi imscrúdú a shainaithint le faisnéis airgeadais a bhí ar fáil go héasca agus le déanaí.

— I gcás na Tuirce, bhí an Coimisiún in ann ocht gcuideachta a shainaithint a bhí ina dtáirgeoirí dealraitheacha den táirge faoi imscrúdú agus a raibh faisnéis airgeadais ar fáil go héasca acu le haghaidh 2023, nó ar a laghad le haghaidh 2022 agus nach raibh cuideachta amháin acu brabúsach.

(146) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa Nóta, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó an tráth sin, go bhféadfadh an Tuirc a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le hoiriúnacht na dtíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, maidir leis na táirgeoirí sainaitheanta sna tíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, agus maidir leis na tosca táirgeachta.

(147) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an Nóta ó Chomhlachas Urláir Iontlaise na hEorpa (gearánach) an 2 Meán Fómhair 2024. Fuair an Coimisiún barúlacha comhpháirteacha freisin ó dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin, is iad sin, grúpa JINFA agus Grúpa Fusong Jinlong, in dhá aighneacht (an chéad cheann an 2 Meán Fómhair 2024 agus an dara ceann an 19 Samhain 2024).

(148) Luaigh Comhlachas Urláir Iontlaise na hEorpa ina bharúlacha go bhféadfaí an Tuirc a roghnú, agus go deimhin, gur cheart í a roghnú mar an tír ionadaíoch is iomchuí, ar na cúiseanna seo a leanas: a) méideanna suntasacha na bpríomh-amhábhar a allmhairítear isteach sa Mhalaeisia agus san Indinéis ón tSín; b) speisialtóireacht na Malaeisia agus na hIndinéise ar urlárlach adhmaid ilsrathaigh a dhéantar as adhmad trópaiceach, nach bhfuil ionadaíoch ar an táirge a allmhairítear isteach san Aontas ón tSín; c) easpa nó neamhiomláine na faisnéise airgeadais iomchuí atá ar fáil do tháirgeoirí sa Mhalaeisia agus san Indinéis; agus d) an leibhéal níos ísle líomhnaithe cosanta sóisialta agus comhshaoil sa Mhalaeisia agus san Indinéis i gcomparáid leis an Tuirc.

(149) A mhéid a bhaineann le méideanna na n-amhábhar a allmhairítear ón tSín isteach sa Mhalaeisia agus san Indinéis agus easpa nó neamhiomláine na faisnéise airgeadais iomchuí le haghaidh na dtíortha sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil ráitis na Saoráide Eorpaí Síochána comhsheasmhach lena réamhthorthaí mar a fhoráiltear sa Nóta. A mhéid a bhaineann le fócas líomhnaithe na Malaeisia agus na hIndinéise ar urlárlach adhmaid ilsrathaigh a dhéantar as adhmad trópaiceach, thug an Coimisiún dá aire, cé go raibh sé inchreidte, nár tugadh bunús leis an maíomh, agus dá bhrí sin diúltaíodh go sealadach dó. A mhéid a bhaineann le hábharthacht leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil sna tíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, tugtar aghaidh air sin in aithris (166) thíos.

([84]) https://www.moodys.com/web/en/us/capabilities/company-reference-data/orbis.html.

(150) D'áitigh Comhlachas Urláir Iontlaise na hEorpa freisin nach dtáirgeann ceithre chuideachta atá liostaithe ag an gCoimisiún mar tháirgeoirí féideartha an táirge atá faoi imscrúdú sa Tuirc an táirge atá faoi imscrúdú, ach go dtáirgeann siad táirgí eile in earnáil an adhmaid. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún tuilleadh taighde deisce ar a gcuid gníomhaíochtaí agus dheimhnigh sé go bhfuil siad gníomhach in earnáil an adhmaid i gcoitinne, ach níor aimsigh sé fianaise, áfach, gur táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú iad. Chuir an Coimisiún an fhaisnéis sin san áireamh chun an liosta cuideachtaí a chinneadh ar úsáideadh a sonraí airgeadais chun tagarmharcanna neamhshaofa a bhunú le haghaidh costas SGA agus brabúis, mar a shonraítear in aithrisí (163) agus (164) thíos.

(151) Ina gcéad aighneacht le barúlacha ar an Nóta, dúirt grúpa JINFA agus grúpa Fusong nach raibh siad in ann tír ionadaíoch iomchuí a mholadh. Dúirt siad, áfach, nach tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc, *inter alia* mar gheall ar a staid eacnamaíoch éagobhsaí agus eisceachtúil, lena n-áirítear boilsciú ard a dhéanfadh difear do na costais táirgthe uile agus do tháscairí eacnamaíocha eile, rud a d'fhágfadh go mbeadh siad neamhiontaofa agus mí-oiriúnach mar fhoinse chun an gnáthluach a chinneadh. Chun tacú lena maíomh, luaigh an dá pháirtí an tuarascáil tíre is déanaí ón gCoimisiún maidir leis an Tuirc ([85]). Athdhearbhaíodh na barúlacha maidir le staid eacnamaíoch na Tuirce agus a hoiriúnacht mar thír ionadaíoch sa dara haighneacht uathu maidir leis an Nóta.

(152) I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún critéir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán maidir le tír ionadaíoch a roghnú agus thug sé dá aire, i gcomhréir leis an gcéad chritéar, go bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche ag gach ceann de na trí thír, lena n-áirítear an Tuirc go háirithe, agus atá ag an tSín, mar a léirítear le bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda. Ní féidir le haon chuid den fhaisnéis sa tuarascáil ón gCoimisiún a luaigh JINFA agus Fusong Jinlong amhras a chaitheamh ar oiriúnacht na Tuirce ar bhonn an chéad chritéir. A mhéid a bhaineann leis an maíomh a bhaineann le boilsciú, thug an Coimisiún dá aire go sloinntear na praghsanna neamhshaofa a bhunaíonn sé le haghaidh na gcostas táirgthe in airgeadra na tíre lena mbaineann, agus go léirítear difríochtaí sa bhoilsciú idir an tír ionadaíoch agus an tír lena mbaineann go suntasach cheana féin sa ráta malairte faoi seach. Dá bhrí sin, ní dhéanann boilsciú sa tír ionadaíoch difear do na tagarmharcanna ríofa den chuid is mó. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint faoi seach.

(153) Ina gcéad aighneacht ina raibh barúlacha maidir leis an Nóta, mhaígh grúpa JINFA agus Grúpa Fusong freisin, má thagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil fadhbanna ag baint le hallmhairí suntasacha de cheann amháin nó níos mó de na príomhthosca táirgeachta ó thír ina ndéantar an praghas a shaobhadh sa mhéid go n-eisiafaí an tír sin láithreach mar thír ionadaíoch oiriúnach, nár cheart feidhm a bheith ag an réasúnaíocht sin maidir leis an Tuirc amháin, ach maidir leis an Malaeisia agus leis an Indinéis freisin. Dá bhrí sin, ní mheasfar an dá thír sin a bheith míchuí, ar an bhforas amháin go raibh céatadán suntasach d'allmhairí ón tSín i gcás roinnt de na príomhthosca táirgeachta.

(154) I ndáil leis sin, shoiléirigh an Coimisiún, ós rud é go raibh an Mhalaeisia agus an Indinéis ar liosta na dtíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch sa Nóta, gur léir nach raibh siad eisiata *a-priori*. Mheabhraigh an Coimisiún go mbunaítear roghnú na tíre ionadaíche ar chritéir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Áirítear ar na critéir sin freisin infhaighteacht sonraí airgeadais ábhartha, a measadh a bheith in easnamh i gcás na Malaeisia agus i gcás na hIndinéise araon. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh faoi seach.

(155) Ina gcéad aighneacht ina raibh barúlacha maidir leis an Nóta, d'áitigh grúpa JINFA agus grúpa Fusong nár cheart ach cuideachtaí a bhfuil sonraí airgeadais ar fáil dóibh le haghaidh 2023 a mheas le haghaidh na dtagarmharcanna le haghaidh costas SGA agus brabúis. Chuir an Coimisiún an argóint sin san áireamh chun an liosta cuideachtaí a chinneadh ar deireadh ar úsáideadh a sonraí airgeadais chun tagarmharcanna neamhshaofa a bhunú le haghaidh costas SGA agus brabúis, mar a shonraítear in aithris (163) thíos.

(156) Ina dara haighneacht maidir leis an Nóta, dúirt grúpa JINFA agus grúpa Fusong go mbeadh an Mhalaeisia ina tír ionadaíoch iomchuí neamhchosúil leis an Tuirc.

([85]) https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/turkiye-report-2023_en.

(157) Chun tacú leis an ráiteas sin, chuir an dá pháirtí sin roinnt argóintí ar fáil a bhain le tosca táirgeachta sonracha. Sonraítear iad sin agus tugtar aghaidh orthu in aithrisí (175) go (179) thíos maidir leis na foinsí a úsáidtear chun costais neamhshaofa a shuí, agus maidir le costais agus tagarmharcanna neamhshaofa.

(158) Thairis sin, shainaithin na páirtithe sin dhá tháirgeoir urlárlach de chuid na Malaeisia a bhfuil na ráitis airgeadais iniúchta le haghaidh 2023 ar fáil ina leith agus leibhéal leordhóthanach sonraí ag gabháil leo. Is iad seo a leanas na cuideachtaí Unilin (an Mhalaeisia) Sdn Bhd. agus Kim Teck Lee Timber Flooring Sdn. Bhd. I bhfianaise an mhéid sin, d'áitigh Fusong agus JINFA gur fearr is féidir leis an Malaeisia, i gcomparáid leis an Tuirc, sonraí airgeadais ar ardchaighdeán a thairiscint a bhaineann leis an tréimhse imscrúdúcháin. Sholáthair na páirtithe foinsí freisin le haghaidh costais saothair agus praghsanna fuinnimh sa Mhalaeisia.

(159) Dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil sonraí airgeadais le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin ar fáil don dá chuideachta Mhalaeisiacha a shainaithin Fusong agus JINFA.

(160) Tar éis tuilleadh taighde a dhéanamh, thug an Coimisiún dá aire gurb é Unilin (an Mhalaeisia) Sdn an chéad cheann den dá chuideachta. Is táirgeoir an táirge faoi imscrúdú é Bhd. Mar sin féin, thuairiscigh an chuideachta sin, ar cuid de ghrúpa ilnáisiúnta í, leibhéal an-íseal costas díola, ginearálta agus riaracháin (costais SGA), i.e. 2.8 % arna shloinneadh mar chéatadán dá costas a bhí ag na hearraí a díoladh. Is dócha go léireoidh an leibhéal sin saintréithe sonracha cuideachta nach bhfuil ionadaíoch don earnáil. Mar shampla, ós rud é gur cuid de ghrúpa ilnáisiúnta í an chuideachta agus go bhfuil a cuid oibríochtaí dírithe ar tháirgeadh, is dócha go bhfuil feidhmeanna áirithe SGA, mar shampla, díolacháin, bainistíocht TF agus acmhainní daonna láraithe go pointe áirithe agus nach léirítear a gcostais i gcostais SGA tuairiscithe na cuideachta. Dealraíonn sé go bhfuil na costais SGA sin i bhfad níos ísle i gcomparáid leis na meánchostais SGA i dtír ina bhfuil earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh i bhfad níos forbartha amhail an Tuirc (féach aithris (163) thíos). Tá an costas SGA seo i bhfad níos ísle freisin i gcomparáid leis an meánchostas SGA a thuairiscigh tionscal an Aontais, atá thart ar 9 %, agus fiú i gcomparáid leis an meánchostas SGA a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, atá thart ar 11 %. I bhfianaise an mhéid thuas, ní féidir a mheas gurb iomchuí costas SGA an táirgeora Malaeisiaigh thuasluaite a úsáid chun tagarmharc réasúnach neamhshaofa a bhunú.

(161) Maidir leis an dara cuideachta, is é sin Kim Teck Lee Timber Flooring Sdn. Bhd., thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil sé gníomhach ach i nideog den mhargadh urláir, i.e. urlárlach spóirt ar ardchaighdeán. Is cuid an-bheag den mhargadh urlárach foriomlán urlárach spóirt, cuid atá dírithe ar fhreastal ar na custaiméirí cónaithe agus gnó. Tá sé seo amhlaidh freisin toisc nach mór do tháirgí a úsáidtear sa deighleog shonrach seo dianchaighdeáin theicniúla a chomhlíonadh, mar is léir ó na deimhnithe ábhartha a fuair agus a d'fhógair an chuideachta. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach nach bhfuil siad ionadaíoch ar an urlárlach adhmaid ilsrathaigh, ná ar an earnáil urláir níos leithne.

(162) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, i gcomparáid leis an Tuirc, go bhfuil earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh sa Mhalaeisia tearcfhorbartha go mór. Léirítear é sin leis an líon an-íseal táirgeoirí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh sa Mhalaeisia (teoranta do cheann amháin nó dhó), i gcomparáid le roinnt deicheanna de tháirgeoirí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh sa Tuirc ([86]). Léirítear é freisin le leibhéal na n-onnmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh ón Malaeisia, a bhí thart ar aon trian de na honnmhairí faoi seach ón Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([87]). Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach gur fearr a léiríonn earnáil an urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh sa Tuirc méid earnáil urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh sa tSín i dtéarmaí na cainníochta a tháirgtear agus a dhíoltar agus líon na dtáirgeoirí atá gníomhach ar an margadh.

([86]) Ó mhí na Samhna 2024 i leith, tuairiscíonn bunachar sonraí Orbis 136 chuideachta atá gníomhach i monarú urlár iontlaise cóimeáilte (cód NACE 1622) i gcás na Tuirce. Fiú nuair a chuirtear san áireamh nach gcomhfhreagraíonn ach codán den líon sin do tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú, bheadh sé fós i bhfad níos airde ná aon líon inchreidte táirgeoirí sa Mhalaeisia. Thairis sin, tuairiscíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce gur shroich táirgeadh urlár iontlaise cóimeáilte (cód NACE 1622 — lena n-áirítear urláir mhósáiceacha) 114 198 274 m² in 2023. Ní raibh an Coimisiún in ann aon staidreamh táirgeachta inchomparáide a aimsiú don Mhalaeisia.

([87]) Bunaithe ar an Atlas Trádála Domhanda le haghaidh Chód CC 441875.

(163) Agus na barúlacha maidir leis an Nóta ó na páirtithe leasmhara agus infhaighteacht theoranta na faisnéise airgeadais a bhaineann le táirgeoirí an táirge atá faoi imscrúdú á gcur san áireamh, mheas an Coimisiún gur foinse iomchuí le haghaidh na sonraí airgeadais ábhartha iad táirgeoirí in earnáil níos leithne, a shainmhínítear le gníomhaíochtaí a thagann faoi chóid NACE 1621 (monarú leathán veiníre agus painéal adhmadbhunaithe), 1622 (monarú urlár iontlaise cóimeáilte) agus 1629 (monarú táirgí eile adhmaid, coirc, ábhair thrilseacha). Shainaithin an Coimisiún na cuideachtaí seo a leanas sa Tuirc, agus léirigh sonraí airgeadais le haghaidh 2023 brabúsacht dhearfach:

— AGT Agac Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi;

— Orma Orman Mahsulleri Integre Sanayi Ve Ticaret A.S.;

— Pelit Arslan Kontraplak Fabrikasi Anonim Sirketi;

— Dendro Parke Sanayi Anonim Sirketi.

(164) I gcás Pelit Arslan Kontraplak Fabrikasi Anonim Sirketi, mheas an Coimisiún go bhfuil leibhéal a bhrabúis ró-ard le bheith ionadaíoch. I gcás Dendro Parke Sanayi Anonim Sirketi, thug an Coimisiún dá aire nach ndearna sé idirdhealú ina thuarascálacha idir cineálacha éagsúla costas a raibh gráinneacht leordhóthanach ag baint leo chun gur féidir a chéatadán costas SGA a ríomh. I gcás an dá chuideachta eile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil a leibhéil thuairiscithe costas SGA agus a leibhéil bhrabúis oiriúnach chun tagarmharc réasúnta neamhshaofa a bhunú do chostais SGA agus do bhrabús.

(165) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(166) Tar éis a shuí gurb é an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

Conclúid

(167) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

(168) Sa Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus luaigh sé, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé an tAtlas Trádála Domhanda chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta, go háirithe na hamhábhair. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé staitisticí náisiúnta chun costais neamhshaofa saothair agus fuinnimh a shuí.

Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa

Tosca táirgeachta

(169) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, rinne an Coimisiún na tuairiscí ar na tosca táirgeachta a liostaítear sa Nóta a chomhdhlúthú agus a chomhchuibhiú, agus ceartaíodh nó leasaíodh, i gcás inarb iomchuí, na Cóid CC faoi seach. I measc na gCód CC breise tá 4407 12 (Adhmad Sáfa Sprúis), 4407 93 Adhmad Sáfa Mailpe, 4407 95 Adhmad Sáfa Fuinseoige, agus 4808 10 Páipéarchlár roctha.

(170) A mhéid a bhaineann leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh, baineann an príomhathrú i gcomparáid leis an Nóta le veinírí de speicis éagsúla adhmaid. Sa Nóta, ba iad sonraí an Atlais Trádála Domhanda maidir le hallmhairí faoi Chóid CC 4408 90 agus 4408 10 an fhoinse a breithníodh do na tosca táirgeachta sin. Thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil na cóid CC sin sonrach do speicis adhmaid ach go mbaineann siad le catagóirí adhmaid sách leathan. Go háirithe, áirítear i gCód CC 4408 90 gach speiceas adhmaid neamhbhuaircíneach agus neamhthrópaiceach, mar shampla, dair, poibleog, mailp agus fuinseog. Ar an gcaoi chéanna, áirítear gach adhmad buaircíneach i gCód CC 4408 10. Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil tionchar suntasach ag an speiceas adhmaid ar phraghsanna an toisc táirgeachta sin. Dá bhrí sin, in éagmais aon fhaisnéise maidir leis na speicis adhmaid d'allmhairí veinírí isteach sna tíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, mheas an Coimisiún, go háirithe i gcás veinírí áirithe ar príomhthosca táirgeachta iad, mar shampla, veinírí darach agus poibleoige, nach foinse iomchuí faisnéise iad sonraí an Atlais Trádála Domhanda maidir le hallmhairí faoi na Cóid HS sin chun costas comhfhreagrach a shuí.

(171) Dá bhrí sin, bhunaigh an Coimisiún tagarmharc le haghaidh veinírí ar bhonn an tagarmhairc faoi seach le haghaidh adhmad sáfa, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis faoi seach ar fáil agus ina mbaineann sí go sonrach le speiceas adhmaid. Go háirithe, i gcás veinírí déanta as dair, péine, fuinseog, mailp agus poibleog, bunaíodh na tagarmharcanna ar bhonn na dtagarmharcanna faoi seach le haghaidh adhmad sáfa (Cóid CC 4407 91, 4407 11, 4407 95, 4407 93 agus 4409 97).

(172) Tá an ríomh sonrach do gach grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin agus bhí sé ag brath ar an bhfaisnéis a chuir an grúpa faoi seach ar fáil le linn na gcuairteanna fíorúcháin, maidir le táirgeacht an amhábhair agus maidir leis na tosca breise chun méadar ciúbach amháin d'adhmad sáfa a phróiseáil ina veinírí. Maidir le grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin amháin nach raibh an fhaisnéis sin ar fáil aige de bharr a phróisis táirgthe, bhí an ríomh bunaithe ar mheánluachanna na táirgeachta agus ar na fachtóirí próiseála breise a sholáthair an dá ghrúpa eile. Ar chúiseanna rúndachta, soláthraíodh mionsonraí an ríomha do tháirgeoirí onnmhairiúcháin mar chuid den nochtadh sonrach.

(173) Maidir le hadhmad sáfa poibleoige (aicmithe faoi Chód CC 4407 97), ar príomhthoisc táirgeachta é freisin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil na cainníochtaí a allmhairítear isteach sa Tuirc an-íseal agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé nach mbeadh an praghas allmhairiúcháin faoi seach ionadaíoch. I bhfianaise an méid sin, chun tagarmharc a bhunú le haghaidh adhmad sáfa poibleoige, d'úsáid an Coimisiún faisnéis maidir le hallmhairí isteach sa Mhalaeisia. Cuireadh san áireamh sa roghnúchán go bhfuil roinnt den táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh ag an Malaeisia, go n-allmhairítear táirgí a aicmítear faoin gcód CC seo i gcainníochtaí i bhfad níos airde sa Mhalaeisia, agus nach bhfuil aon sciar nó sciar teoranta d'allmhairí ón tSín agus ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755. Tá sé seo i gcodarsnacht leis an Indinéis, áit a raibh allmhairí ón tSín suntasach.

(174) I gcás veinírí atá déanta as hicearaí agus gallchnó (nach ann d'aon Chód CC a bhaineann go sonrach le hadhmad maidir leis an adhmad sáfa faoi seach), agus i gcás veinírí nach sonraítear an speiceas adhmaid ina leith, bunaíodh an tagarmharc ar bhonn allmhairí isteach sa Tuirc faoi Chód 4408 90 95, a chomhfhreagraíonn do veinírí adhmaid neamhthrópaiceacha agus neamhbhuaircíneacha atá ar tiús níos mó ná 1 mm. Thug an Coimisiún dá aire gurb ionann veinírí de speicis adhmaid seachas dair, poibleog agus péine agus céatadán an-bheag de chainníocht iomlán na veinírí agus de chostas foriomlán an táirgthe.

(175) Sa dara haighneacht uathu maidir leis an Nóta, rinne Fusong agus JINFA roinnt pointí maidir leis na tagarmharcanna a d'fhéadfadh a bheith ann do na príomhthosca táirgeachta. Go sonrach, d'áitigh siad an méid seo a leanas:

— Ar an gcéad dul síos, i gcás ceann de na tosca táirgeachta is tábhachtaí, i.e. veinírí a thagann faoi Chód CC 4408 90, is céatadán an-ard de na hallmhairí foriomlána isteach sa Tuirc iad allmhairí ón Rúis, a measann an Coimisiún sa Nóta gur dócha go bhfuil a bpraghsanna saofa. Thairis sin, tar éis na hallmhairí ón Rúis agus ón tSín a eisiamh, tá na hallmhairí atá fágtha isteach sa Mhalaeisia beagnach ceithre oiread na n-allmhairí isteach sa Tuirc ó thaobh cainníochta de.

— Ar an dara dul síos, i gcás toisc táirgeachta tábhachtach eile, i.e. adhmad sáfa poibleoige nó sprúis don chroíshraith, a thagann faoi chóid CC 4407 97 nó 4407 13 faoi seach, níl ach allmhairí diomaibhseacha isteach sa Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

— Ar an tríú dul síos, ina chóid leibhéil 8 ndigit faoi chód CC 4408 90, déantar idirdhealú in ainmníocht na Malaeisia maidir le haicmiú custaim idir veiníní aghaidhe (Cód 4408 90 10), atá ábhartha maidir le táirgeadh an táirge faoi imscrúdú, agus veiníní eile (Cód 4408 90 90), nach bhfuil ábhartha. Os a choinne sin, ní dhéantar aon idirdhealú den sórt sin le hainmníocht na Tuirce. Má chinneann an Coimisiún, áfach, brath ar staidreamh allmhairiúcháin isteach sa Tuirc chun na praghsanna tagarmhairc ar veiníre aghaidhe is inaicmithe faoi chód CC 4408 90 a shuí, níor cheart ach na cinn a allmhairítear faoi chód fo-leibhéil 4408 90 95 (veiníní ar tiús níos mó ná 1 mm) a úsáid.

— Ar an gceathrú dul síos, tá praghsanna allmhairí veiníní isteach sa Mhalaeisia faoin gcód leibhéil 8 ndigit 4408 90 10 thuasluaite, atá ábhartha maidir le táirgeadh an táirge faoi imscrúdú, níos airde ón tSín ná ón gcuid eile den domhan. Léiríonn sé sin nach féidir éifeacht shaobhach a bheith ag allmhairí ón tSín ar phraghsanna áitiúla na Malaeisia don toisc táirgeachta sin.

(176) Maidir leis an gcéad phointe, an tríú pointe, agus an ceathrú pointe, mar a mhínítear in aithrisí (170) go (172) thuas, i gcás veiníní déanta as dair, péine, fuinseog, mailp agus poibleog, bunaíodh na tagarmharcanna ar bhonn na dtagarmharcanna faoi seach le haghaidh adhmad sáfa. Dá bhrí sin, ní raibh na hallmhairí ón Rúis agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi Chód CC 4408 90 ábhartha do na tagarmharcanna sin, agus níl allmhairí suntasacha ón Rúis ná ó Dhaon-Phoblacht na Síne sna Cóid CC don adhmad sáfa faoi seach. Thairis sin, níl an t-idirdhealú a dhéantar in ainmníocht na Malaeisia faoi Chód CC 4408 90 (veiníní aghaidhe agus veiníní eile) sonrach d'adhmad go fóill, agus dá bhrí sin ní féidir é a úsáid chun tagarmharc iontaofa a bhunú do na veiníní ar príomhthosca táirgeachta iad, ná chun teacht ar chonclúidí maidir le saobhadh.

(177) Mar a mhínítear thuas, i gcás veiníní a dhéantar de hicearaí agus de ghallchnónna, nach bhfuil aon Chód CC atá sonrach d'adhmad ann dóibh le haghaidh an adhmaid shápa faoi seach, agus i gcás veiníní a dhéantar as cineálacha eile adhmaid (neamhshonraithe), bunaíodh na tagarmharcanna ar bhonn na n-allmhairí faoi Chód AC 4408 90 95. Is amhlaidh atá toisc, mar a mhol Fusong agus JINFA freisin, go gcomhfhreagraíonn an Cód AC seo níos dlúithe don ionchur a úsáidtear, go háirithe i dtéarmaí tiús veiníre. In aon chás agus mar a mhínítear thuas, ní príomhthosca táirgeachta iad veiníní atá déanta as adhmad hicearaí, gallchnó nó cineálacha eile adhmaid, ach is cion an-bheag iad de chostais iomlána na n-amhábhar. Dá bhrí sin, ní féidir tionchar suntasach a bheith ag tagarmharcanna na dtosca táirgeachta sin ar ríomh an ghnáthluacha.

(178) A mhéid a bhaineann leis an dara pointe, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil ach adhmad poibleog sáfa ina phríomhthoisc táirgeachta as an dá amhábhar. Mar a mhínítear in aithris (173), don toisc táirgeachta seo chinn an Coimisiún sonraí a úsáid maidir le hallmhairí ón Malaeisia, a léiríonn cainníochtaí i bhfad níos airde i gcomparáid leis an Tuirc.

(179) Ar an iomlán, mheas an Coimisiún nach gcuireann na pointí a rinne JINFA agus Fusong amhras ar a) na foinsí agus an mhodheolaíocht a roghnaíodh chun praghsanna neamhshaofa d'amhábhair a shuí; agus b) roghnú na Tuirce mar thír ionadaíoch iomchuí agus diúltaíodh dóibh dá bhrí sin.

(180) I bhfianaise an mhéid thuas, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Aonad tomhais	Luach neamhshaofa (CNY)
Amhábhair				
Péint (meán neamh-uisceach)	320810	Atlas Trádála Domhanda – an Tuirc	kg	44,24
Péint (meán uisceach)	320990	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	26,04

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Aonad tomhais	Luach neamhshaofa (CNY)
Ola	340520	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	36,22
Gliú	350691	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	30,76
Scannán Plaisteach	392010	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	23,73
Stiall phlaisteach	392390	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	37,35
Lomáin Darach	44039100	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	5 849,20
Lomáin Mailpe	44039900	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	6 472,37
Adhmad sáfa péine	440711	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	1 664,52
Adhmad Sáfa Sprúis	440712	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	1 730,54
Adhmad Sáfa Sprúis	440713	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	2 875,22
Adhmad Sáfa Darach	440791	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	7 426,92
Adhmad Sáfa Mailpe	440793	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	8 178,60
Adhmad Sáfa Fuinseoige	440795	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	6 838,62
Adhmad Sáfa Poibleoige	440797	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	2 530,52
Veiníre Péine	440810	Ríomh ar bhonn an tagarmhairc faoi seach le haghaidh adhmad sáfa	M3	in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin (rúnda)
Veiníre Fuinseoige	440890	Ríomh ar bhonn an tagarmhairc faoi seach le haghaidh adhmad sáfa	M3	in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin (rúnda)
Veiníre Hicearaí	44089095	Atlas Trádála Domhanda	M3	2 455,18
Veiníre Mailpe	440890	Ríomh ar bhonn an tagarmhairc faoi seach le haghaidh adhmad sáfa	M3	in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin (rúnda)
Veiníre Darach	440890	Ríomh ar bhonn an tagarmhairc faoi seach le haghaidh adhmad sáfa	M2	in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin (rúnda)
Adhmad eile le haghaidh na sraithe ag an mbarr	44089095	Atlas Trádála Domhanda	M3	2 455,18
Veiníre Poibleoige	440890	Ríomh ar bhonn an tagarmhairc faoi seach le haghaidh adhmad sáfa	M3	in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin (rúnda)
Veiníre gallchnó	44089095	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	2 455,18

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Aonad tomhais	Luach neamhshaofa (CNY)
SMD	441113	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	7 423,60
Veiníre sraithadhmaid	441233	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	5 184,72
Bloc-chlár Sraithadhmaid	441252	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	M3	5 460,72
Páipéarchlár roctha	480810	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	5,78
Cartán	481910	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	16,78
Mionrabh	440141	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	2,35
Saothar				
	neamhbhaint-each	Staitisticí náisiúnta	uaireanta an chloig	36,10
Fuinneamh				
Gual	270119	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	0,72
Gual amh	270112	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	1,00
Dramhadhmad	440149	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	0,18
Breosla millíní bithmhaise	440131	Atlas Trádála Domhanda - an Tuirc	kg	1,39
Leictreachas	neamhbhaint-each	Staitisticí náisiúnta	kWh	0,89
Gás	neamhbhaint-each	Staitisticí náisiúnta	M3	4,11
Gal	neamhbhaint-each	Ríomh bunaithe ar chostas an ghais	kg	0,40
Uisce	neamhbhaint-each	Staitisticí náisiúnta	M3	4,96

(181) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, shloinn an Coimisiún an forchostas monaraíochta arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar úsáidte agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an forchostas monaraíochta neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na forchostais thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar fhorchostais neamhshaofa monaraíochta nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.2.1. Amhábhair

(182) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear san Atlas Trádála Domhanda mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([88]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithrisí (126) agus (127) thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Mheas an Coimisiún go raibh na méideanna a bhí fágtha ionadaíoch.

(183) Thairis sin, sa Nóta, thug an Coimisiún faoi deara gur ón Rúis a allmhairíodh céatadán suntasach d'allmhairí a thagann faoi Chód CC 4408 90 (veinírí) isteach sa Tuirc, agus mar gheall ar na smachtbhannaí a forchuireadh ar an Rúis, gur dócha go ndéanfaí praghsanna na n-allmhairí sin a shaobhadh. Ina fhianaise sin, mheas an Coimisiún, má roghnaítear an Tuirc mar an tír ionadaíoch, nár cheart allmhairí ón Rúis a chur san áireamh chun tagarmharc 4408 90 a chinneadh.

(184) Ina gcéad aighneacht maidir leis an Nóta, d'áitigh Fusong agus JINFA nár cheart allmhairí na Rúise a eisiamh ó ríomh an luacha neamhshaofa toisc go bhfuil a bpraghsanna ag ardú in 2022 agus in 2023 agus, dá bhrí sin, nach féidir le smachtbhannaí difear a dhéanamh dóibh.

(185) I bhfianaise na modheolaíochta a glacadh chun tagarmharc a bhunú do na príomhthosca táirgeachta le haghaidh veinírí, mheas an Coimisiún nach bhfuil céatadán na n-allmhairí ón Rúis faoi Chód CC 4408 90 ábhartha a thuilleadh. I bhfianaise chion nialasach nó teoranta allmhairí na Rúise i gcás na n-amhábhar eile, agus gan seasamh a ghlacadh maidir leis an dóchúlacht go ndéanfaí allmhairí den sórt sin a shaobhadh, chinn an Coimisiún allmhairí na Rúise a áireamh ina ríomhanna.

(186) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha le luach CAL a taifeadadh i staidrimh allmhairiúcháin na tíre ionadaíche, mar atá fáil orthu in Atlas Trádála Domhanda.

(187) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.2.2. Saothar

(188) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce ([89]) faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear 2022 le haghaidh meánchostas saothair do ghníomhaíocht eacnamaíoch C.16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilseach) de réir aicmiú NACE Rev.2. Rinneadh meánluach míosúil 2022 a choigeartú go cuí don bhoilsciú trí úsáid a bhaint as an innéacs costais saothair mar a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([90]) é chun oiriúnú do 2023 (an tréimhse imscrúdúcháin), i.e. 36.10 CNY/uair an chloig.

([88]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([89]) http://www.turkstat.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh Staidreamh maidir le Costas Saothair.

([90]) http://www.turkstat.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh Innéacs maidir le Costas Saothair.

3.2.2.3. Leictreachas

(189) D'úsáid an Coimisiún na staitisticí maidir le praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh an *tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh* ([91]) ina phreaseisiúintí rialta. D'úsáid an Coimisiún sonraí na bpraghsanna leictreachais tionsclaíocha in Kuruş/kWh le haghaidh na hearnála tionsclaíche le haghaidh 2023 lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin, i.e. 0.89 CNY/KWh.

3.2.2.4. Gás nádúrtha

(190) D'úsáid an Coimisiún praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc mar a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce é ina phreaseisiúintí rialta. D'úsáid an Coimisiún sonraí na bpraghsanna gáis sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in Kuruş/m^3 arna gcoigeartú go cuí de réir an bhoilscithe trí úsáid a bhaint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce ([92]) a cuireadh in oiriúint don tréimhse imscrúdúcháin, i.e. 4,11 CNY/m3. Coigeartaítear an praghas de réir CBL 18 %, toisc go bhfuil CBL san áireamh sa phraghas luaite.

3.2.2.5. Gal

(191) Ríomh an Coimisiún praghas na gaile sa Tuirc don tréimhse imscrúdúcháin agus úsáid á baint as an modheolaíocht a mhol Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ([93]) bunaithe ar chostas an gháis is gá chun é a tháirgeadh, agus corrlaigh réasúnacha á gcur leis le haghaidh costais oibriúcháin eile, costais SGA agus brabús. Is é 0,4 CNY/kg an meánphraghas a eascraíonn as sin le haghaidh 2023.

3.2.2.6. Uisce

(192) D'úsáid an Coimisiún meánchostas an uisce sa Tuirc mar a d'fhoilsigh Uachtaránacht Oifig Infheistíochta Phoblacht na Tuirce ([94]) le haghaidh 2023, i.e. 4.96 CNY/m^3. Áirítear leis an bpraghas sin liúntas séarachais agus táille ghlantacháin, ach ní áirítear CBL.

3.2.2.7. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(193) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(194) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(195) Chun méid réasúnta neamhshaofa a shuí maidir le forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabús agus dímheas, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais do 2023 maidir leis na cuideachtaí arna n-asbhaint as Orbis:

— AGT Agac Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi;

— Orma Orman Mahsulleri Integre Sanayi Ve Ticaret A.S..

3.2.3. *Ríomh*

(196) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([91]) An tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh | An tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh (epdk.gov.tr)=> Preaseisiúintí => roghnaigh cinntí bhord an mhargaidh leictreachais.

([92]) http://www.turkstat.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh Innéacs maidir le Praghas don Táirgeoir.

([93]) https://www1.eere.energy.gov/manufacturing/tech_assistance/pdfs/steam15_benchmark.pdf. Tagraíonn an mhodheolaíocht do chostas gaile sáithithe do luachanna tipiciúla brú oibriúcháin agus teocht uisce beatha. Agus an mhodheolaíocht á cur i bhfeidhm, baineadh úsáid as meán na luachanna tipiciúla sin.

([94]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.

(197) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. D'fhíoraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin a sholáthair an t-iarratasóir le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i roinn 3.2.2.1.

(198) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta agus dímheas, mar a mhínítear in aithris (194), leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(199) Maidir leis na costais táirgeachta a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún costas SGA agus brabús na dtrí cuideachta a liostaítear in aithris (195) i bhfeidhm. Ba é 19,5 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 28 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(200) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(201) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe sa tSín a rinne feidhmeanna íosta, áfach.

(202) I bhfianaise an méid sin, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.5. *Comparáid*

(203) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) na difríochtaí sna tosca a maíodh agus a léiríodh, a ghlacadh san áireamh, a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.2.5.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(204) Mar a mhínítear in aithris (196), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha* trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Fágann sé sin nach raibh gá le haon ghlanluacháil ar ais.

(205) Maidir le lamháltais, chinn an Coimisiún go bhfuil an cód CC faoina n-aicmítear an táirge faoi imscrúdú le haghaidh onnmhairí sa tSín faoi réir CBL neamh-inaisíoctha 13 %, cé gur ríomhadh an gnáthluach glan ó CBL. Dá bhrí sin, chun comparáid chothrom a áirithiú, rinneadh coigeartú suas ar an ngnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin faoi réir CBL seo.

(206) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas eile a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.2.5.2. Coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(207) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar iompar, árachas, láimhseáil agus lódáil, chomh maith le pacáil.

(208) Rinneadh lámháltais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais creidmheasa, muirir bhainc agus coimisiún. Baineadh iad sin, chomh maith leis na costais san aithris roimhe seo, ón bpraghas onnmhairiúcháin, ar bhonn na sonraí a thuairiscigh an t-onnmhaireoir, ar leibhéal an idirbhirt.

3.2.6. *Corrlaigh dhumpála*

(209) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(210) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Grúpa	Corrlach dumpála sealadach
Grúpa Forest	55,5 %
Grúpa Fusong	60,4 %
Grúpa Jinfa	42,7 %

(211) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(212) Ar an mbonn sin, is é 50,7 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(213) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(214) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh níos mó ná 80 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a bhunú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta comhoibríoch a sampláladh ag a bhfuil an corrlach dumpála is airde.

(215) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Grúpa Forest	55,5 %
Grúpa Fusong	60,4 %
Grúpa JINFA	42,7 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	50,7 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	60,4 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(216) Rinne thart ar 200 táirgeoir ([95]) san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(217) Táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suíodh gur timpeall is 48 000 méadar cearnach a bhí inti. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn an mhacraicheistneora a chuir FEP isteach. Mar a léirítear in aithris (7), táirgeann trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais níos mó ná 20 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil.

4.2. Margadh ábhartha an Aontais a Chinneadh

(218) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(219) Is féidir urlárlach adhmaid ilsrathaigh a úsáid i dtáirgeadh earraí críochnaithe don tionscal tógála mar shampla staighre agus cláir sciorta. Chinn an Coimisiún go raibh cion an-bheag de tháirgeacht tháirgeoirí an Aontais dírithe ar úsáid faoi chuing (níos lú ná 1 % ar an meán thar an tréimhse faoi bhreathnú). I ndáil leis sin, aistríodh urlárlach adhmaid ilsrathaigh go simplí (gan sonrasc) laistigh den láithreán táirgthe céanna nó den chuideachta chéanna le haghaidh tuilleadh próiseála iartheachtacha.

(220) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus margadh saor a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach ndéantar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing a nochtadh d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(221) Mar gheall ar an gcainníocht an-bheag urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh a úsáideadh faoi chuing, áfach, níor mheas an Coimisiún go mbeadh sé fóinteach na táscairí díobhála a dheighilt idir tomhaltas faoi chuing agus tomhaltas saor thar na sonraí a léirítear i dTábla 2.

4.3. Tomhaltas an Aontais

(222) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an fhreagra ar an macraicheistneoir fíoraithe maidir le díolacháin thionscal an Aontais san Aontas agus in Eurostat maidir le hallmhairí.

(223) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla2

Tomhaltas an Aontais (méadair chearnacha)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Tomhaltas iomlán an Aontais	70 383 041	75 151 588	77 580 866	50 509 888
Innéacs	*100*	*107*	*110*	*72*
Margadh faoi chuing	791 459	753 192	563 601	772 780
Innéacs	*100*	*95*	*71*	*98*

([95]) Gearán FEP, Iarscríbhinn 4.

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An margadh saor	69 591 582	74 398 396	77 017 265	49 737 108
Innéacs	*100*	*107*	*111*	*71*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir fioraithe agus Eurostat

(224) Tháinig méadú ar thomhaltas iomlán an Aontais ó thart ar 70,4 milliún méadar cearnach in 2020 go dtí thart ar 77,6 milliún méadar cearnach in 2022, sin méadú 10 %. Mar sin féin, thit tomhaltas iomlán an Aontais in 2023 go dtí thart ar 50,5 milliún méadar cearnach, b'shin titim 28 % i gcomparáid le 2020.

(225) Tháinig forbairt ar thomhaltas saor an Aontais ar bhealach a bhí an-chosúil le tomhaltas iomlán an Aontais. Tháinig méadú air ó thart ar 69,6 milliún méadar cearnach in 2020 go dtí thart ar 77,0 milliún méadar cearnach in 2022, sin méadú 11 %. Mar sin féin, thit tomhaltas saor an Aontais in 2023 go dtí thart ar 49,7 milliún méadar cearnach, b'shin titim 29 % i gcomparáid le 2020.

(226) Bhí an úsáid faoi chuing an-íseal i gcomparáid leis an tomhaltas iomlán. Bhí an fhorbairt a rinneadh uirthi sin níos cobhsaí agus níor thit sé ach 2 % thar an tréimhse faoi bhreathnú.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Líon agus sciar margaidh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(227) Shuigh an Coimisiún an líon allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Rinne Eurostat an líon allmhairí a thaifeadadh go príomha i mais (kg) agus i méadair chearnacha freisin mar aonad forlíontach. Mar a luadh sa ghearán, áfach, ba léir nach raibh na haonaid fhorlíontacha a taifeadadh iontaofa toisc nach raibh an dlús dromchla a bhí mar thoradh air sin do chuid de na sonraí allmhairithe a taifeadadh ina dhlús dromchla iomchuí d'urlárlach adhmaid ilsrathaigh. Sa ghearán, choigeartaigh an gearánach na haonaid fhorlíontacha mura raibh siad sa raon 7 agus 9,5 le haghaidh dlús dromchla, chun na figiúirí a tuairiscíodh i méadair chearnacha a cheartú. Shainaithin an gearánach an réimse sin ó fhoinsí a bhí ar fáil go poiblí. Mar sin féin, le linn an imscrúdaithe bhí rochtain ag an gCoimisiún ar raon níos leithne sonraí ná mar a bhí ar fáil ag céim an ghearáin. Rinneadh na coigeartuithe dá bhrí sin mura raibh an dlús dromchla sa raon 4,59 agus 14,94 bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil do na cuideachtaí comhoibríocha san imscrúdú seo. Má bhí gá le coigeartú, úsáideadh an meándlús ualaithe dromchla a fuarthas ó na páirtithe comhoibríocha (7,73), agus fuarthas cainníocht allmhairí athbhreithnithe i méadair chearnacha. Cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm maidir le hallmhairí na dtíortha uile le haghaidh 4 bliana na tréimhse faoi bhreathnú. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar bhonn allmhairí an Aontais ó gach tír mar a thaifead Eurostat, ach rinneadh coigeartuithe ar na haonaid fhorlíontacha mar a luaitear thuas, móide na díolacháin fhíoraithe ar mhargadh an Aontais arna gcur isteach ag FEP do tháirgeoirí an Aontais.

(228) Déantar an chainníocht choigeartaithe allmhairí a thaifeadadh i méadair chearnacha i dTábla 3, agus soláthraítear na sonraí de réir maise in kg freisin. Léiríonn na sonraí in kg go raibh tionchar dearfach ceartúcháin ag an modheolaíocht choigeartaithe ar na sonraí allmhairiúcháin seachas éifeacht saofa a bheith aici.

Tábla3

Méid na n-allmhairí (méadair chearnacha agus kg) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (méadair chearnacha)	11 704 508	14 701 223	19 573 928	11 202 585
Innéacs	*100*	*126*	*167*	*96*

Sciar den mhargadh	16,8%	19,8%	25,4%	22,5%
Innéacs	*100*	*117*	*151*	*134*
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (Kg)	92 811 900	113 925 300	154 565 300	88 459 100
Innéacs	*100*	*123*	*167*	*95*

Foinse: Eurostat

(229) Tháinig méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann ó thart ar 11,7 milliún méadar cearnach in 2020 go dtí thart ar 19,6 milliún méadar cearnach in 2022, sin méadú 67 %. Mar sin féin, thit na hallmhairí sin in 2023 go dtí thart ar 11,2 milliún méadar cearnach, b'shin titim 4 % i gcomparáid le 2020.

(230) Lean na hallmhairí de réir meáchain in kg treocht a bhí an-chosúil le treocht na méadar cearnach.

(231) Maidir leis an sciar den mhargadh, tháinig méadú ar allmhairí (i méadair chearnacha) ón tír lena mbaineann ó 16.8 % in 2020 go 25.4 % in 2022, sin méadú 51 %. In 2023, áfach, thit an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí sin go 22.5 %, b'shin méadú 34 % i gcomparáid le 2020.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(232) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn na bhfreagraí fíoraithe ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne maidir le luach sonraisc (in CNY a tiontaíodh go EUR in aghaidh an mhéadair chearnaigh) agus trí úsáid a bhaint as sonraí Eurostat i meáchan (EUR in aghaidh an kg). Mar a luadh thuas, níorbh iontaofa praghsanna na n-allmhairí bunaithe ar na sonraí forlíontacha i méadair chearnacha in Eurostat.

(233) Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn na bpraghsanna fíoraithe CAL ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne agus na bpraghsanna EXW ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(234) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/méadar cearnach agus EUR/kg)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An tSín – praghsanna sonraisc na n-onnmhaireoirí sampláilte (EUR/ méadar cearnach)	19,1	19,8	23,2	21,1
Innéacs	*100*	*104*	*121*	*111*
An tSín – sonraí Eurostat (EUR/kg)	2,59	2,80	3,35	2,93
Innéacs	*100*	*108*	*130*	*113*

Foinse: táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus Eurostat

(235) Tháinig méadú 21 % ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne, mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne, a tiontaíodh go EUR in aghaidh an mhéadair chearnaigh ó 2020 go 2022. Mar sin féin, tháinig laghdú 10 % ar na praghsanna sin in 2023. Bhí na praghsanna in 2023 11 % níos airde ná na praghsanna in 2020.

(236) Tháinig méadú 30 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne bunaithe ar Eurostat in EUR/kg ó 2020 go 2022. Tháinig méadú 20 % ar na praghsanna in 2022 i gcomparáid le 2021. Mar sin féin, tháinig laghdú 13 % ar na praghsanna sin in 2023. Bhí na praghsanna in 2023 13 % níos airde ná na praghsanna in 2020.

(237) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(b) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid na Síne chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí le haghaidh costais iar-allmhairiúcháin (ba e 0 % an dleacht chustaim ar allmhairí den sórt sin).

(238) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 31.0 % agus 35,9 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Fuarthas go raibh sladghearradh i gceist le níos mó ná 95 % d'allmhairí meaitseáilte. Ina theannta sin, rinneadh thart ar 93 % d'allmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a mheaitseáil le cineálacha beachta arna ndíol ag tionscal an Aontais.

(239) Mhol an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne JINFA athruithe ar struchtúr na hUimhreach Rialaithe Táirgí (PCN). Mhol JINFA méadú ar an ngráinneacht do thiús na sraithe uachtair agus don ghrádú. Mhol JINFA paraiméadar amháin eile a chur leis an tiús foriomlán freisin. Thug F. W. Barth agus Co. GmbH (Barth), Thede & Witte Holzimport GmbH & Co. KG ('Thede & Witte') Puderbach Holzhandel GmbH & Co. KG (Puderbach), MEFO Floor GmbH & Co. KG (Urlár MEFO) agus Floors 4Ever UAB ('Floors 4Ever') barúlacha gairide freisin maidir le saincheisteanna grádaithe.

(240) Leasaigh an Coimisiún struchtúr PCN trí ghráinneacht na sraithe uachtair a mhéadú ós rud é nach raibh na raonta roimhe sin aonchineálach. Fágadh na paraiméadair eile gan athrú toisc go bhfuarthas nach raibh gá leis na moltaí breise a rinne páirtithe maidir le struchtúr PCN agus nach bhfuil de thoradh orthu ach an PCN a dhéanamh níos casta. Go háirithe, thug an Coimisiún faoi deara go raibh grádú táirgí neamhphríomha suibiachtúil agus go raibh a bhealach féin ag gach cuideachta chun cineálacha éagsúla táirgí neamhphríomha a shainiú.

(241) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais gur cheart difríochtaí sa leibhéal trádála (LT) a chur san áireamh sa ríomh sladghearrtha.

(242) Thug an Coimisiún faoi deara gur dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne le hallmhaireoirí nó le mórdhíoltóirí. Dhíol tionscal an Aontais le cineálacha custaiméirí den sórt sin freisin ach, ina theannta sin, dhíol siad le cineálacha custaiméirí iartheachtacha breise amhail miondíoltóirí, siopaí 'déan féin é' ('DIY'), le hailtirí agus le hoibreoirí eile san earnáil tógála agus athchóirithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an dara ríomh sladghearrtha trí phraghsanna thionscal an Aontais ar dhíolacháin le custaiméirí iartheachtacha den sórt sin a laghdú. Cuireadh san áireamh leis an laghdú sin gur gnách go ngearrann gníomhairí le haghaidh díolacháin urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh i dtíortha áirithe san Aontas coimisiún 5 % chun a gcostais agus a gcorrlach brabúis a chumhdach. Dá bhrí sin, sa ríomh sin, dá ndéanfaí díolacháin thionscal an Aontais le custaiméirí seachas trádálaithe agus mórdhíoltóirí, dhéanfaí laghdú LT 5 %. Agus an mhodheolaíocht sin á húsáid, bhí na meánchorrlaigh shladghearrtha ualaithe idir 28,8 % agus 34,0 %.

(243) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais go raibh na praghsanna ó tháirgeoir de chuid an Aontais i bhfad níos ísle ná na praghsanna a d'úsáid comhaltaí AUMI de ghnáth, rud a d'fhág nárbh fhéidir leo dul san iomaíocht. D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais go raibh difríochtaí praghais suas le 40 % idir comhaltaí Chomhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais a fhoinsíonn ón tSín agus cuideachtaí de chuid an Aontais nach mbíonn ag gabháil d'fhoinsiú ón tSín.

(244) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfianaise a chuir Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais isteach a bhain le tairiscint praghsanna de líon teoranta cineálacha táirgí lasmuigh den tréimhse imscrúdúcháin. Measadh gur fianaise starógach a bhí san fhianaise sin agus níor chuir sí ar ceal an ríomh cuimsitheach a rinne an Coimisiún lenar cumhdaíodh na díolacháin uile a rinne táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdaithe leis an Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(245) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(246) Mar a luaitear in aithris (7), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(247) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí i bhfreagra FEP ar an gceistneoir. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí ar cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(248) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(249) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(250) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An méid táirgeachta (méadair chearnacha)	69 227 000	72 919 000	70 038 000	47 882 100
Innéacs	*100*	*105*	*101*	*69*
An acmhainneacht táirgeachta (méadair chearnacha)	91 784 564	85 746 300	84 910 179	83 670 023
Innéacs	*100*	*93*	*93*	*91*
Úsáid acmhainneachta	75%	85%	82%	57%
Innéacs	*100*	*113*	*109*	*76*

Foinse: macraicheistneoir fioraithe

(251) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig laghdú 31 % ar mhéid táirgeachta thionscal de chuid an Aontais. Léiríodh le hanailís mhionsonraithe gur tharla an laghdú seo ar tháirgeacht in 2023 go príomha.

(252) Ríomhadh acmhainneacht táirgeachta an Aontais ar bhonn táirgeacht uasta indéanta go fadtéarmach, agus cothabháil á cur san áireamh freisin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 9 % ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais.

(253) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin laghdú 9 % ar acmhainneacht táirgeachta, thit úsáid acmhainneachta an Aontais faoi 24 %.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(254) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an scair den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (méadair chearnacha)	51 113 909	52 082 542	50 419 026	33 366 160
Innéacs	*100*	*102*	*99*	*65*
Sciar den mhargadh	73,4%	70,0%	65,5%	67,1%
Innéacs	*100*	*95*	*89*	*91*

Foinse: macraicheistneoir fioraithe

(255) Bhí méid iomlán dhíolacháin an Aontais réasúnta cobhsaí ó 2020 go 2022. Mar sin féin, thit díolacháin an Aontais in 2023 go dtí thart ar 33,4 milliún méadar cearnach ó 50,4 milliún méadar cearnach in 2022, b'shin titim 35 % i gcomparáid le 2020.

(256) Bhí gach díolachán den sórt sin ar an saormhargadh toisc nach raibh aon díolachán faoi chuing ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Baineann na sonraí faoi chuing i dTábla 2 le húsáid faoi chuing i gcás nach ndearnadh aon díolachán iarbhír.

(257) Maidir leis an sciar den mhargadh, tháinig laghdú ar chainníochtaí díolacháin an Aontais ó 73,4 % in 2020 go 65,5 % in 2022, sin méadú 11 %. In 2023, áfach, thit an sciar den mhargadh a bhí ag na díolacháin sin go 67,1 %, b'shin laghdú 9 % i gcomparáid le 2020.

(258) Tharla an laghdú mór ar chainníochtaí díolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall go bhfuair allmhairí de chuid na Síne cos isteach sa mhargadh ar phraghsanna a rinne sladghearradh ar thionscal an Aontais mar a léirítear in aithrisí (237) go (242) thuas. Ina theannta sin, tharla an laghdú mór ar dhíolacháin in 2023, i measc nithe eile, mar gheall ar laghdú ar an éileamh sa tionscal tógála.

(259) Ba iad na tosca sin ba chúis leis an bhforbairt ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú freisin. Shroich an caillteanas ar an sciar den mhargadh 11 % faoi 2022 ach rinne sé beagán bisigh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus mórfhadhbanna ag teacht chun cinn in earnáil na tógála an tráth sin.

4.5.2.3. Fás

(260) Is léir nach raibh aon fhás ann nuair a chuirtear san áireamh gur chaill tionscal an Aontais 9 % den sciar den mhargadh a bhí aige le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus gur thit a dhíolacháin ar an saormhargadh faoi 35 %, agus dá bharr sin ba thréimhse chúlúcháin é i ndearbhthéarmaí agus i ndáil le tomhaltas an tsaormhargaidh.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(261) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An líon fostaithe (FTE)	12 204	12 774	13 294	10 509
Innéacs	*100*	*105*	*109*	*86*
Táirgiúlacht (m2/ fostaí)	5 672	5 708	5 269	4 556
Innéacs	*100*	*101*	*93*	*80*

Foinse: macraicheistneoir fioraithe

(262) Tháinig laghdú 14 % ar fhostaíocht, ar bhonn fostaíocht choibhéiseach lánaimseartha (FTE), i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(263) Tháinig laghdú 20 % ar tháirgiúlacht i dtéarmaí tonaí in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(264) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(265) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(266) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díolachán san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh (EUR/ méadar cearnach)	21,5	21,9	26,5	26,7
Innéacs	*100*	*102*	*123*	*124*

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/ méadar cearnach)	17,8	18,1	23,2	25,2
Innéacs	*100*	*102*	*131*	*142*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(267) Tháinig méadú ar na praghsanna díola aonaid ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamhghaolmhara ó EUR 21,5/ méadar cearnach go EUR 26,7/méadar cearnach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sin méadú 24 %. Tharla an príomhmhéadú in 2022 nuair a tháinig méadú 21 % ar na praghsanna díola aonaid.

(268) Ba cheart an treocht dhearfach dhealraitheach sin a bhreathnú i gcomhthéacs na méaduithe tábhachtacha ar chostais amhábhair. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, ba iad na costais sin a bhí freagrach as níos mó ná 50 % den chostas táirgthe aonaid iomlán. Tháinig méadú 42 % ar chostas aonaid an táirgthe seo, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin ar ráta a bhí i bhfad níos airde ná an méadú ar mheánphraghsanna díola i saormhargadh an Aontais.

(269) Tháinig méadú 2 % ar na praghsanna díola aonaid agus ar na costais aonaid araon in 2021 i gcomparáid le 2020. In 2022, áfach, tháinig méadú 21 % ar phraghsanna díola mar gheall ar mhéaduithe ar chostais amhábhar. Ina theannta sin, ós rud é go raibh na méaduithe ar chostais aonaid i bhfad níos airde (29 %), ba léir go raibh praghsanna á srianadh. Mar a thuairiscítear i dTábla 4 thuas, níor tháinig ach méadú 20 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2022.

(270) In 2023, mhéadaigh costais aonaid go EUR 25,2/méadar cearnach go príomha mar gheall ar laghdú mór ar chainníochtaí díolacháin mar thoradh ar laghdú ar an éileamh sa tionscal tógála mar a léirítear i dTábla 6. Mar sin féin, ní raibh tionscal an Aontais in ann dul in oiriúint do staid nua an mhargaidh agus níor tháinig ach méadú 1 % ar a phraghsanna margaidh. In 2023, tháinig laghdú 13 % ar phraghsanna na Síne, rud a chuir brú ollmhór praghsanna ar thionscal an Aontais.

4.5.3.2. Costais saothair

(271) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí ar bhonn FTE (EUR)	22 887	23 948	24 673	27 099
Innéacs	*100*	*105*	*108*	*118*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(272) Tháinig méadú 18 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Rinneadh forbairtí sna tuarastail a chaibidliú le ceardchumainn agus leag riaracháin náisiúnta síos costais eile a bhain le fostaithe agus ba thréimhse ardbhoilscithe í an tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.3. Fardail

(273) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Stoic dheiridh (méadar cearnach)	1 447 775	1 500 393	1 651 352	1 912 066
Innéacs	*100*	*104*	*114*	*132*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	9,8%	8,8%	9,8%	16,1%
Innéacs	*100*	*90*	*100*	*165*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(274) Tháinig méadú 32 % ar stoic deiridh na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse a measadh. Tháinig méadú 65 % ar na stoic sin mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá an-tábhacht ag baint le stoic i dtionscal urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh an Aontais toisc go ndéantar díolacháin de ghnáth ó stoc agus is eisceacht ar an gcleachtas sin é táirgeadh ar ordú. Dá bhrí sin, is iondúil go mbíonn na stoic sách ard mar a léirítear leis na céatadáin táirgeachta a léirítear i dTábla 10. D'eascair na méaduithe ar an stoc i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán den táirgeacht araon as titim mhór ar dhíolacháin in 2023 toisc go ndearna tionscal an Aontais iarracht a leibhéil táirgeachta a choigeartú ar bhealach éifeachtúil.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(275) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7,2%	7,9%	5,0%	– 3,9%
Innéacs	100	110	71	- 54
Sreabhadh airgid (EUR)	26 039 959	29 131 378	24 085 723	- 1 822 011
Innéacs	*100*	*112*	*92*	*- 7*
Infheistíochtaí (EUR)	5 266 156	13 256 301	7 849 042	12 046 395
Innéacs	*100*	*252*	*149*	*229*

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Toradh ar infheistíochtaí	27,4%	38,1%	30,7%	– 7,2%
Innéacs	*100*	*139*	*112*	*- 26*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(276) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte os cionn 7 % in 2020 agus 2021 ach thit sí go 5,0 % in 2022. Tharla sé sin mar gheall ar bhrú praghsanna ar chainníocht mhéadaitheach allmhairí na Síne mar a mhínítear in aithris (269) thuas. Sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht arís, ar bhealach ní ba shuntasaí an uair seo. Chuaigh sí faoi bhun an phointe meá ar mheá go – 3,9 %. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhí tionscal an Aontais fós thíos le brú praghsanna ó allmhairí ón tSín ach bhí sé thíos leis freisin toisc gur fhág deacrachtaí laistigh den earnáil tógála gur tháinig laghdú 35 % ar an éileamh ar urlárlach adhmaid ilsrathaigh mar a léirítear i dTábla 3.

(277) Léiríonn forbairt na brabúsachta go raibh sochtadh suntasach praghsanna ann nuair a fhéachtar air in éineacht leis na praghsanna díola agus costais táirgthe i dTábla 8 mar aon le forbairt praghsanna na n-allmhairí ón tSín. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú go leordhóthanach chun teacht leis na méaduithe ar phraghsanna le go mbeadh sé in ann díol ar phraghsanna measartha brabúsach. D'fhág sin gur thit brabúsacht thionscal an Aontais faoi bhun an phointe meá ar mheá le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(278) Léiríonn an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i nglansreabhadh airgid ar bhealach a bhí cosúil leis an toradh ar láimhdeachas, is é sin thit sé ar dtús in 2022 agus ansin ba threocht dhiúltach í le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(279) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt ar an treocht maidir le toradh ar infheistíochtaí freisin ar bhealach a bhí cosúil leis an toradh ar láimhdeachas, is é sin thit sé den chéad uair in 2022 ach bhain titim mhór dó le linn na tréimhse imscrúdúcháin nuair a tháinig laghdú air ó 30,7 % in 2022 go – 7,2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(280) Lean táirgeoirí sampláilte an Aontais orthu ag déanamh infheistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a léirítear sna figiúirí infheistíochta thuas. Bhí infheistíochtaí idir EUR 5 agus 13 mhilliún in aghaidh na bliana agus rinneadh iad den chuid is mó chun gnóthachain éifeachtúlachta a dhéanamh agus saoráidí a bhí ann cheana a choinneáil ar bun. Mhínigh cuideachtaí thionscal an Aontais gurbh iad na hinfheistíochtaí sin an t-íosmhéid a bhí ag teastáil chun éifeachtúlacht a choinneáil ar bun. Is iad a bhí freagrach as níos lú ná 4 % den láimhdeachas i ngach ceann de na 4 bliana den tréimhse faoi bhreathnú. Mhínigh tionscal an Aontais go raibh srian ar infheistíochtaí mar gheall ar chumas laghdaitheach caipiteal a thiomsú. Mar a luaitear in aithris (338), chuir cuideachta amháin de chuid thionscal an Aontais fianaise ar fáil chun a léiriú gur cuireadh infheistíocht EUR 10-15 mhilliún ar ceal mar gheall ar dhrochstaid an mhargaidh in 2022 agus 2023. Toisc gur tháinig laghdú ar leibhéal an toraidh ar infheistíochtaí, cuirtear i mbaol cumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú amach anseo agus marthanas an tionscail sa mheántéarma agus san fhadtéarma dá bharr.

4.5.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(281) Tharla an meathlú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i margadh ina raibh an t-éileamh ag méadú suas go dtí 2022. Mar sin féin, tháinig laghdú 35 % ar an tomhaltas in 2023. Tháinig laghdú 9 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 73,4 % in 2020 go 67,1 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(282) Léirigh forbairt na húsáide faoi chuing laghdú beag 2 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríodh san imscrúdú nach ndéanann na hallmhairí dumpáilte difear díreach don úsáid faoi chuing. Ciallaíonn sé sin nach raibh úsáid faoi chuing ina príomhthoisc san anailís díobhála.

(283) Léirigh an fhorbairt ar phraghsanna díola treocht dhearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, de réir dealraimh. Léirigh an t-imscrúdú, áfach, go raibh an fhorbairt dhearfach ar phraghsanna díola bainteach leis an bhforbairt ar phraghsanna amhábhair, praghsanna ar tháinig méadú suntasach orthu le linn na tréimhse sin.

(284) Léirigh formhór na dtáscairí treocht a bhí diúltach go cinnte amhail brabúsacht, toradh ar infheistíocht agus sreabhadh airgid ar figiúirí dearfacha a bhí i gceist leo in 2020 agus 2021, a laghdaigh in 2022 agus a bhí diúltach in 2023. Tháinig méadú ar stoic dheiridh earraí críochnaithe, rud a raibh tionchar diúltach aige ar shreabhadh airgid freisin. D'eascair na treochtaí sin as forbairtí i dtreochtaí na bpraghsanna díola agus na gcostas táirgthe. Is léiriú soiléir ar chúngú praghsanna iad tosca den sórt sin, nuair a dhéantar scrúdú orthu in éineacht le forbairt phraghsanna allmhairí na Síne i gcainníochtaí atá ag méadú. In 2022, tháinig méadú ar chainníocht na n-allmhairí dumpáilte agus níor tháinig méadú ar phraghsanna i gcomhréir le costais amhábhar. In 2023, thit praghsanna allmhairiúcháin agus ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a shocrú chuig leibhéal a ligfeadh dó a chostais a chumhdach agus, cé go raibh sé in ann brabúis réasúnacha a dhéanamh in 2020 agus 2021, thit brabúis den sórt sin faoi bhun an sprioc-chorrlaigh brabúis (7,3 %) in 2022 agus bhí an bhrabúsacht an-diúltach in 2023.

(285) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rinne tionscal an Aontais infheistíochtaí chun an éifeachtúlacht a choinneáil ar bun. Tar éis 2021, áfach, bhí fianaise ann go raibh cumas laghdaitheach ann caipiteal a thiomsú.

(286) Cé gur bhain an díobháil san imscrúdú seo le táscairí praghsanna agus feidhmíochta amhail brabúsacht agus an cumas caipiteal a thiomsú, bhí laghdú ar tháscairí méid thionscal an Aontais. Tháinig laghdú ar táirgeacht, acmhainneacht, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, bhí laghduithe ar an bhfostaíocht agus táirgiúlacht freisin, rud a bhí bainteach leis na leibhéil níos ísle maidir le táirgeacht agus méid na ndíolachán. Fuair allmhairí na Síne sciar den mhargadh ó 2020 go 2022 ach chaill siad cuid dá ngnóthachain le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, in 2023 tháinig laghdú suntasach ar phraghsanna allmhairí na Síne agus bhí tionchar láidir acu ar tháscairí airgeadais thionscal an Aontais agus ba dhiúltach an bhrabúsacht, an toradh ar infheistíocht agus an sreabhadh airgid.

(287) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(288) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: an laghdú ar thomhaltas, allmhairí ó thríú tíortha, allmhairí chuig an Aontas de chuideachtaí atá gaolmhar leis an tionscal de chuid an Aontais, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscail an Aontais agus méaduithe ar chostais lena n-áirítear infheistíochtaí agus úsáid faoi chuing.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(289) Mar a léirítear i dTábla 3, tháinig méadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín ó thart ar 11,7 milliún méadar cearnach in 2020 go dtí thart ar 19,6 milliún méadar cearnach in 2022, sin méadú 67 %. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, thit cainníochtaí allmhairí go 11,2 milliún méadar cearnach. Maidir leis an sciar den mhargadh, tháinig méadú ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín ó 16,8 % in 2020 go 25,4 % in 2022, sin méadú 51 %. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú go 22,5 % ar an sciar den mhargadh. Le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, tháinig méadú 34 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne.

(290) Tharla na barúlacha seo le linn na tréimhse céanna ina raibh laghdú 35 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar an saormhargadh agus titim ar an sciar den mhargadh ó 73,4 % go 67,1 %, laghdú 9 %.

(291) Mar a mhínítear in aithrisí (269) go (270), ba iad na hallmhairí ón tSín ba chúis le sochtadh praghsanna chuig tionscal an Aontais in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdaithe. Mar gheall ar chúngú praghsanna den sórt sin, nuair a tháinig méadú 29 % ar chostais aonaid tháirgeoirí an Aontais in 2022 (mar gheall ar mhéaduithe ar chostais amhábhar den chuid is mó), ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna díolacháin a choigeartú ar bhealach a ligfeadh dóibh a leibhéil bhrabúsachta a choinneáil ar bun. Chuaigh an scéal sin in olcas le linn na tréimhse imscrúdúcháin nuair a tháinig méadú breise ar na costais. Go deimhin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 13 % ar phraghsanna allmhairí na Síne. Mar thoradh ar an gcúngú praghsanna sin, chaill tionscal an Aontais 3,9 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(292) Bhí allmhairí na Síne in ann teacht isteach le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc go ndíoltar an táirge faoi imscrúdú ó stoc de ghnáth agus tá ról láidir ag an bpraghas ar chinntí na gcustaiméirí. Maidir leis an gcomhtharlú ama idir meathlú staid eacnamaíoch thionscal an Aontais agus méid suntasach na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, a bhí ag gearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais, agus a bhí ag sochtadh leibhéal na bpraghsanna i margadh an Aontais, deimhníonn sé go bhfuil nasc cúisíoch ann idir an dá rud.

(293) Mhaígh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS nárbh iad allmhairí na Síne ba chúis le haon díobháil ábhartha a d'fhéadfadh a bheith déanta toisc gur tharla an díobháil ábhartha líomhnaithe nuair a bhí allmhairí na Síne ar an leibhéal ab ísle.

(294) Thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh neamhaird leis an maíomh sin ar dhá thoisc thábhachtacha a bhain leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Ar an gcéad dul síos, cuireadh tús leis an díobháil in 2022 nuair a thit brabúis ó 7,9 % go 5,0 %, sin laghdú 36 %. Ina theannta sin, léirítear i dTábla 11 gur tháinig laghdú 17 % ar an sreabhadh airgid in 2022 agus laghdú 14 % ar an toradh ar infheistíocht. Ba é ba chúis leis an meath sin neamhábaltacht thionscal an Aontais a phraghsanna díola a mhéadú i gcomhréir lena mhéaduithe costais mar gheall ar an mbrú praghsanna a thosaigh an bhliain sin. Ní raibh baint ag an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in 2022 le tomhaltas ar tháinig méadú 4 % air an bhliain sin.

(295) Ar an dara dul síos, mar a thuairiscítear sa roinn 'Conclúid maidir le díobháil', bhain an díobháil sa chás seo go príomha le cúngú praghsanna agus lena thionchar ar tháscairí feidhmíochta thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, níl sé ceart a mhaíomh nach bhféadfadh díobháil a bheith ann toisc gur thit cainníochtaí allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba iad praghsanna ísle na n-allmhairí sin den chuid is mó, in éineacht lena gcainníochtaí, a bhí fós suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba iad sin a rinne díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Is léir sin ón anailís ar chostais agus ar phraghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, cé go raibh praghsanna allmhairiúcháin ón tSín níos ísle go comhsheasmhach ná praghsanna thionscal an Aontais, d'fhan siad os cionn chostais thionscal an Aontais in 2020 agus 2021. Mar sin féin, in 2022, d'ailínigh praghsanna na Síne le costais thionscal an Aontais agus chuaigh siad go mór faoina mbun in 2023, rud a rinne díobháil ábhartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(296) Bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(297) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
an Úcráin	Cainníocht (méadair chearnacha)	3 912 033	4 268 444	3 815 351	2 790 352
	Innéacs	*100*	*109*	*98*	*71*
	Meánphraghas (EUR/méadar cearnach)	15,0	17,5	21,0	21,1
	Innéacs	*100*	*117*	*140*	*141*
	Sciar den mhargadh	5,6%	5,7%	5,0%	5,6%
	Innéacs	*100*	*102*	*88*	*100*

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Tríú tíortha eile	Cainníocht (méadair chearnacha)	2 861 132	3 346 186	3 208 960	2 378 011
	Innéacs	*100*	*117*	*112*	*83*
	Meánphraghas (EUR/méadar cearnach)	23,8	24,0	29,4	25,9
	Innéacs	*100*	*101*	*124*	*109*
	Sciar den mhargadh	4,1%	4,5%	4,2%	4,8%
	Innéacs	*100*	*109*	*101*	*116*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Cainníocht (méadair chearnacha)	6 773 165	7 614 631	7 024 311	5 168 363
	Innéacs	*100*	*112*	*104*	*76*
	Meánphraghas (EUR/méadar cearnach)	6,9	7,0	6,6	7,4
	Innéacs	*100*	*101*	*96*	*107*
	Sciar den mhargadh	9,7%	10,2%	9,1%	10,4%
	Innéacs	*100*	*105*	*94*	*107*

Foinse: Eurostat – coigeartaithe do dhlús dromchla

(298) Ba iad na hallmhairí ón Úcráin na hallmhairí tríú tír ba líonmhaire. Ba é Barlinek Group ba mhó a rinne allmhairí ón Úcráin, b'shin idir 70-90 % de na hallmhairí ón Úcráin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(299) Bhí cainníochtaí allmhairiúcháin ón Úcráin réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse 2020 go 2022 agus tháinig laghdú 29 % orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí sciar margaidh na n-allmhairí sin cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, bhí a sciar den mhargadh ar an leibhéal céanna sa tréimhse imscrúdúcháin agus a bhí in 2020 (5,6 %).

(300) Tháinig laghdú 41 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ón Úcráin thar an tréimhse a breithníodh. Ba iad na praghsanna allmhairiúcháin praghsanna aistrithe Barlinek Group den chuid is mó agus bhí siad comhdhéanta de chineálacha bunúsacha urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh chun táirgeadh an Ghrúpa san Aontas a chomhlánú. Níor áiríodh sna praghsanna aistrithe costais áirithe de chuid an Ghrúpa a chuirfí leis sula n-athdhíolfaí san Aontas iad. Dá bhrí sin, ba léir nach raibh praghsanna allmhairí na hÚcráine díobhálach do thionscal an Aontais.

(301) Tháinig laghdú 17 % ar chainníochtaí allmhairiúcháin ó thríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse sin, d'fhan na hallmhairí sin faoi bhun 5 % den sciar den mhargadh.

(302) Bhí praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ar leibhéil a bhí i gcónaí níos airde ná praghsanna na Síne.

(303) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna na hallmhairí ó thríú tíortha díobháil ábhartha do thionscal an Aontais na níor chaolaigh siad an nasc cúisíoch i ndáil leis na hallmhairí ón Indinéis.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(304) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin (2023)
Méid onnmhairí (m2)	3 998 853	4 804 276	4 130 540	3 053 095
Innéacs	*100*	*120*	*103*	*76*
Meánphraghas EUR/m2	20,1	21,0	26,3	27,8
Innéacs	*100*	*105*	*131*	*138*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(305) Tháinig laghdú 24 % ar mhéid onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 38 % ar phraghsanna díola na n-onnmhairí sin le linn na tréimhse céanna.

(306) Agus é á chur san áireamh nár léiríodh leis na méideanna onnmhairiúcháin ach thart ar 25 % de mhéid na ndíolacháin san Aontas agus go raibh treocht mhéid na ndíolachán agus na praghsanna cosúil leo siúd a chonacthas le haghaidh dhíolacháin thionscal an Aontais ar shaormhargadh an Aontais, is léir nach príomhghné den mheasúnú foriomlán ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais é feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais.

(307) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ná nach raibh sé in ann an nasc cúisíoch i ndáil le hallmhairí na Síne a chaolú.

5.2.3. *Forbairtí ar thomhaltas*

(308) D'ardaigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais, CTTFNS, Barth, Puderback, MEFO Floor agus Thede & Witte forbairtí ar thomhaltas mar fhachtóir cúisíochta ina n-aighneachtaí éagsúla.

(309) Mar a léirítear i dTábla 2, tháinig méadú 11 % ar thomhaltas ó 2020 go 2022 ach tháinig laghdú 35 % air le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba iad forbairtí sa tionscal tógála ba chúis leis an titim mhór sin. D'fhreagair tionscal an Aontais trí chainníochtaí táirgeachta agus díolacháin a laghdú le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun dul in oiriúint do mhéid laghdaithe an mhargaidh.

(310) Bhí méaduithe ar chostais aonaid le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh ar an laghdú ar thomhaltas freisin toisc gur scaipeadh costais sheasta thar chainníochtaí laghdaithe táirgeachta. Dá bhrí sin, ba léir go raibh tionchar suntasach ag an laghdú ar thomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar thionscal an Aontais.

(311) Mar sin féin, tháinig méadú 4 % ar thomhaltas in 2022 ach bhí díobháil á déanamh do thionscal an Aontais agus, go háirithe, tháinig laghdú 36 % ar an mbrabúsacht ó 7,9 % in 2021 go 5,0 %. Is léir nach forbairtí sa tomhaltas ba chúis le treocht dhiúltach den sórt sin.

(312) Ina theannta sin, toisc gur tháinig méadú 8 % ar chostais thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú go comhréireach. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht go dtí faoi bhun na leibhéal meá ar mheá (– 3,9 %). Mar a mhínítear in aithrisí (269) go (270), ba é an brú praghsanna a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i bhfeidhm ba chúis leis an bhforbairt sin.

(313) Dá bhrí sin, is léir gur cuireadh tús leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in 2022, arbh é brú praghsanna na Síne ba chúis léi, agus gur lean sí ar aghaidh agus go ndeachaigh sí in olcas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar gheall ar an titim ar thomhaltas agus ar laghduithe breise ar phraghsanna allmhairí na Síne. Cé go ndearna an laghdú ar thomhaltas difear do mhéid na ndíolachán agus do bhrabúsacht thionscal an Aontais, d'fhéadfadh tionscal an Aontais greim a choinneáil ar a sciar den mhargadh agus a phraghsanna a mhéadú chun tionchar na gcostas méadaithe a neodrú, murach an éifeacht choiscthe a bhí ag allmhairí dumpáilte na Síne. Is é sin le rá, cé go raibh tionchar ag an laghdú ar thomhaltas ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, níor neodraíodh an tionchar sin agus, dá bhrí sin, tháinig ann dó mar gheall ar an éifeacht choiscthe a bhí ag praghsanna na Síne. In aon chás i measúnú an Choimisiúin nach maolaíonn an tionchar sin an nasc cúisíoch idir praghsanna na Síne agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.4. *Méaduithe ar chostais*

(314) Tharraing Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais agus CTTFNS méaduithe ar amhábhar agus ar chostais eile anuas mar fhachtóir cúisíochta ina n-aighneachtaí éagsúla. Ba iad na méaduithe costais eile a luadh costais fuinnimh, boilsciú, costais chomhshaoil agus rialála agus costais a bhaineann le hinfheistíochtaí. Mar sin féin, déileálfaidh an Coimisiún le costais mhéadaithe i gcoitinne ar léiríodh na sonraí maidir le costas aonaid ina leith cheana féin i dTábla 8. Is amhlaidh atá toisc nach raibh na costais eile a luadh ina gcion mór de chostais thionscal an Aontais agus dá bhrí sin bheadh tionchar diomaibhseach ag aon mhéadú ar chostais den sórt sin ar staid thionscal an Aontais.

(315) Tháinig méadú 42 % ar chostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach thosaigh díobháil ag baint do thionscal an Aontais in 2022 nuair a tháinig méadú 29 % ar chostais. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar mhéaduithe ar chostais amhábhar arbh ionann iad agus níos mó ná 50 % de na costais táirgthe aonaid iomlána.

(316) Ní mór méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí tráth éigin chun go leanfaidh táirgeoirí de bheith inmharthana. In 2022, áfach, tháinig méadú 29 % ar chostais aonaid ach níor tháinig ach méadú 21 % ar phraghsanna díola. Níor tháinig ach méadú 20 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2022.

(317) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin tháinig méadú 8 % eile ar chostais aonaid thionscal an Aontais ach cuireadh srian 1 % ar mhéaduithe ar phraghsanna díola. Tháinig laghdú 13 % ar phraghsanna na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht, ar an toradh ar infheistíocht agus ar an sreabhadh airgid a léirítear i dTábla 11.

(318) Dá bhrí sin, is léir nach bhfuil an méadú ar chostais aonaid thionscal an Aontais ach ina fhachtóir rannpháirteach sa díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (313), ba é brú praghsanna na Síne fíorchúis na díobhála ábhartha, rud a d'fhág nach raibh tionscal an Aontais in ann oiriúnú do staid na gcostas méadaithe. Dá bhrí sin, níor cheart tionchar na méaduithe ar chostais a mheas mar chúis díobhála, ach mar ghnáthfhorbairt gnó nach raibh an tionscal in ann freagairt go hiomlán di mar gheall ar bhrú praghsanna na Síne.

5.2.5. *Úsáid faoi chuing*

(319) Tháinig laghdú 2 % ar úsáid faoi chuing i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus cuimsíodh leis beagán os cionn 1 % de thomhaltas iomlán an mhargaidh ar an meán le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a luaitear i dTábla 2. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh forbairtí ar úsáid faoi chuing cobhsaí in earnáil an-bheag den mhargadh iomlán.

(320) Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an bhforbairt ar úsáid faoi chuing an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a spreagadh ná níorbh fhéidir leis an nasc cúisíoch i ndáil le hallmhairí na Síne a chaolú.

5.2.6. *Tosca eile*

(321) Mhaígh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais gur toisc chúisíochta é 'féindíobháil' líomhnaithe thionscal an Aontais. Go háirithe, mhaígh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais gur dhiúltaigh tionscal an Aontais díol le cuid dá chomhaltaí comhghuaillíochta agus gur droch-chleachtas gnó a bhí ann a raibh tionchar diúltach aige ar staid airgeadais thionscal an Aontais.

(322) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an maíomh sin doiléir agus neamhshainithe. Agus é á chur san áireamh nach raibh bunús iomlán leis an maíomh sin, ní fhéadfaí glacadh leis mar fhachtóir cúisíochta thábhachtach.

(323) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais freisin gur allmhairigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais urlárlach adhmaid ilsrathaigh de chuid na Síne a d'fhéadfadh a bheith ina chúis díobhála. Thairis sin, luaigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais go bhfuil láithreáin táirgthe lasmuigh den Aontas ag go leor táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil buntáistí iomaíocha acu, amhail pá níos ísle agus praghsanna fuinnimh níos ísle, agus go bhfuil a gcuid táirgí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh in iomaíocht le táirgí a dhíolann tionscal an Aontais.

(324) Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú gur ón Úcráin den chuid is mó a fuarthas allmhairí thionscal an Aontais. Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl gur cumhdaíodh allmhairí ó láithreáin táirgthe faoi úinéireacht thionscal an Aontais i dtríú tíortha amhail an Úcráin san anailís chúisíochta sin cheana féin i roinn 5.2.1. Ní raibh bunús le líomhaintí Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais maidir le hallmhairí ó Kährs Group (ón tSín go dtí an tSualainn) toisc nach raibh sonraí faoi na cainníochtaí agus na praghsanna lena mbaineann sna líomhaintí. Níor mhínigh an maíomh sin ach oiread conas, agus a mhéid, a rinne trádáil den sórt sin díobháil do thionscal an Aontais.

(325) Ar deireadh, mhaígh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais gur gearr a mhair costais ísle lasta, ar áitigh an gearánach go raibh méadú ar allmhairí Síneacha mar thoradh orthu, de réir mar a thosaigh costais lasta ag méadú i mí Mheán Fómhair 2023.

(326) Níor mheas an Coimisiún go raibh costais lasta ina gcúis mhór díobhála *per se* ach nach bhfuil iontu ach cuid de na costais chun onnmhairí a thabhairt chuig leibhéal CAL. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(327) Léiríodh san imscrúdú, toisc gurbh ann d'allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna ísle, go ndearna sin na praghsanna i margadh an Aontais a shochtadh in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chiallaigh sé sin nach bhféadfadh leibhéal praghsanna thionscal an Aontais méadú chun na méaduithe ar phraghas an amhábhair sna blianta sin a chumhdach. Dá réir sin, tháinig laghdú ar bhrabúsacht dhíolacháin thionscal an Aontais faoi 36 % in 2022 agus bhí sí diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí brabúsacht den sórt sin faoi bhun na mbrabús ar cheart don tionscal a fháil faoi ghnáthdhálaí iomaíochta agus is léir nach bhfuil sí leordhóthanach chun marthanas fadtéarmach an tionscail a áirithiú. B'éigean do thionscal an Aontais infheistíocht a dhéanamh chun saoráidí a bhí ann cheana a choinneáil ar bun ach chuir an cumas laghdaithe caipiteal a thiomsú na leibhéil infheistíochta i mbaol.

(328) Bhí cainníochtaí suntasacha d'allmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle ón tSín le fáil ar shaormhargadh an Aontais. Cé gur tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú orthu i gcomparáid le 2020 nó 2021. Mar thoradh air sin, bhí thart ar dhá thrian de na hallmhairí uile chuig margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist leo. Thaispeáin an t-imscrúdú chomh maith go raibh iarmhairtí diúltacha ag an dul i bhfód seo ar an margadh ar thionscal an Aontais, ar tháirgeacht agus méid na ndíolachán go háirithe, a laghdaigh faoi 31 % agus 35 % faoi seach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(329) Is iad na fachtóirí eile a scrúdaíodh allmhairí ó fhoinsí eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, forbairtí ar úsáid faoi chuing, forbairtí ar thomhaltas agus méaduithe ar chostais táirgthe thionscal an Aontais.

(330) Dá bhrí sin, tá idirdhealú déanta ag an gCoimisiún maidir le héifeachtaí na dtosca aitheanta uile a dhéanann difear do staid thionscal an Aontais ó éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte, agus tá éifeachtaí na dtosca sin scartha aige. Ní bhfuarthas go raibh tionchar leordhóthanach ag aon cheann de na fachtóirí, ar leithligh ná i dteannta a chéile, ar staid thionscail an Aontas chun an chonclúid go ndearna allmhairí na Síne díobháil ábhartha a cheistiú.

(331) Chuir an laghdú ar thomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais mar a rinne méaduithe ar chostais aonaid in 2022 agus 2023, cé gur tosca géaraitheacha a bhí sna saincheisteanna sin a chuir leis an díobháil a bhain don tionscal.

(332) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Is éard atá sa díobháil brú praghsanna, brabúsacht, toradh ar infheistíochtaí, sreabhadh airgid, an cumas caipiteal a thiomsú agus stoic mhéadaithe den chuid is mó. I dtéarmaí táscairí méide, áfach, bhain caillteanas don sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, agus tháinig laghdú ar tháirgeacht, ar tháirgiúlacht, ar mhéid na ndíolachán agus ar fhostaíocht.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(333) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

(334) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Ag an gcéim seo den imscrúdú, níl aon chinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir leis an saobhadh amhábhair a dhéanfar ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

6.1. Corrlach díobhála

(335) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(336) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(337) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Suíodh an bunbhrabús sin bunaithe ar bhrabúsacht thionscal an Aontais in 2020 mar a léirítear i dTábla 11 i.e. bliain sula raibh an tionscal faoi réir dumpáil dhíobhálach. Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 7.15 %.

(338) Sholáthair Tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin agus shainaithin sé táirgeoir sampláilte amháin a raibh sé beartaithe aige infheistíocht a dhéanamh ina ghléasra urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh, ach cuireadh na hinfheistíochtaí sin ar ceal mar gheall ar na drochdhálaí eacnamaíocha a bhí i réim le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, bhí údar maith le maímh thionscal an Aontais. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Ba é 0.19 % luach bliantúlaithe na n-infheistíochtaí a ligeadh thar ceal arna shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas thionscal sampláilte an Aontais.

(339) An céatadán 0,19 % sin, cuireadh leis an mbunbrabús arna lua in aithris (337) é, is é sin 7,15 %, rud a d'fhág gur 7,3 % a bhí sa spriocbhrabús.

(340) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach do tháirge comhchosúil thionscal an Aontais tríd an sprioc-chorrlach brabúis thuasluaite a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(341) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(342) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (213) agus (214)).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
an tSín	Forest Group	55,5	45,9
	Fusong Group	60,4	42,3
	Jinfa Group	42,7	49,2

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	50,7	46,7
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	60,4	49,2

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(343) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhnaithe chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(344) Leanfaidh an Coimisiún d'imscrúdú a dhéanamh ar an saobhadh líomhnaithe chun an measúnú a dhéanamh ar an leibhéal iomchuí beart i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán ag céim chinntitheach an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(345) Tar éis an mheasúnaithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(346) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
an tSín	Forest Group	45,9 %
	Fusong Group	42,3 %
	Jinfa Group	42,7 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	46,7 %
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	49,2 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(347) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na mórdhíoltóirí, na miondíoltóirí, na n-úsáideoirí, na dtomhaltóirí agus na soláthróirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(348) Tá thart ar 200 cuideachta ag táirgeadh urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh san Aontas agus idir 10 500 agus 13 300 ball foirne fostaithe acu le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá na táirgeoirí scaipthe go forleathan ar fud an Aontais. Bhí tionscal sampláilte an Aontais, a dhéanann 25 % den táirgeacht iomlán, páirteach san imscrúdú.

(349) Deimhníodh san anailís i ranna 4 agus 5 den Rialachán seo gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus go raibh allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ina bpríomhchúis leis an díobháil sin. Fágann an díobháil a rinneadh go bhfuil tionscal an Aontais i staid leochaileach. Thit a bhrabúsacht ó níos mó ná 7 % in 2020 agus 2021 go – 3,9 % in 2023. Ba é an brú praghsanna a d'fhorchuir táirgeoirí na Síne i gcomhthéacs costais a bhí ag ardú agus éileamh a bhí ag titim ba chúis leis sin.

(350) I bhfianaise an toraidh go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a ndéantar cur síos air in aithrisí (255) go (259), dá bhforchuirfí bearta, chuirfí ar a chumas do thionscal an Aontais a bhrabúsacht i dtreo leibhéil inbhuanaithe a fheabhsú, infheistíocht a mhéadú, agus, ar an gcaoi sin, seasamh iomaíoch a choinneáil ina gcroímhargadh. Bheadh tionscal an Aontais in ann sciar caillte den mhargadh a fháil ar ais freisin trí mhéideanna táirgeachta agus díolacháin a mhéadú ar mhargadh an Aontais.

(351) In éagmais na mbeart, is dócha go mbeidh tuilleadh éifeachtaí diúltacha suntasacha ar thionscal an Aontais ó thaobh díolachán agus méideanna táirgeachta níos ísle de agus go mbeidh, tar éis sochtadh praghsanna eile, meathlú breise ann ar a staid eacnamaíoch ó thaobh brabúsachta agus infheistíochtaí de, rud a chuirfeadh a thodhchaí agus fostaíocht i mbaol.

(352) Chuir Barth in iúl don Choimisiún go bhfuil táirgeoir urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de chuid an Aontais aige laistigh den Ghrúpa sa tSualainn a mhonaraíonn táirgí sa 'deighleog phraghais uachtair'. Gan aon sonraí a sholáthar chun tacú lena mhaíomh, dúirt Barth go raibh an chuideachta sin in iomaíocht go rathúil ar mhargadh an Aontais. Mar sin féin, áiríodh an chuideachta sin sna macrathóscairí a úsáideadh chun díobháil a shuí san imscrúdú seo ach níor ghlac sí páirt sa phróiseas samplála as ar eascair ríomh na micreathóscairí. Cé go dtugtar tuairim Barth dá aire go cuí, ní sháraíonn sí torthaí ginearálta na díobhála, na cúisíochta agus leas an Aontais do thionscal an Aontais i gcoitinne.

(353) Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais bearta a fhorchur ar urlárlach adhmaid ilsrathaigh na Síne.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

(354) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig 36 allmhaireoir agus trádálaí ag tús an imscrúdaithe. Áiríodh ar an liosta sin na hallmhaireoirí móra a ghníomhaíonn mar mhórdhíoltóirí ar mhargadh an Aontais freisin.

(355) Níor chomhoibrigh ach allmhaireoir amháin leis an imscrúdú trí fhreagra ceistneora a líonadh isteach. B'ionann an freagra sin agus níos lú ná 6 % d'allmhairí na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(356) Ina theannta sin, chuir grúpa de 12 allmhaireoir agus thrádálaí (Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais) barúlacha isteach i gcoinne fhorchur na mbeart. As na 12 chuideachta sin, níor chuir ach Lamett Europe N.V. (Lamett) freagra ceistneora isteach. Níor léirigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais a gcéatadán d'allmhairí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar deireadh, i mí na Samhna 2024 chláraigh cúig allmhaireoir eile, lena n-áirítear cuid de na cuideachtaí allmhairiúcháin is mó, mar pháirtithe leasmhara agus rinne siad aighneachtaí i gcoinne fhorchur na mbeart.

(357) D'áitigh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais, Barth, Floors 4Ever, Puderbach, MEFO Floor agus Thede & Witte go méadódh na bearta costais allmhairiúcháin urláraigh adhmaid ilsrathaigh agus, dá bhrí sin, go ndéanfadh siad dochar d'allmhaireoirí.

(358) Ní raibh an fhaisnéis ag an gCoimisiún chun an tionchar a bheadh ag forchur na mbeart ar ghníomhaíochtaí na n-allmhaireoirí/na dtrádálaithe neamh-chomhlachaithe a shuí go beacht. Bunaithe ar an aon allmhaireoir comhoibríoch amháin, bheadh tionchar áirithe ag forchur na mbeart ar an earnáil allmhairiúcháin toisc gur táirge tábhachtach é urlárlach adhmaid ilsrathaigh do Lamett (ach ba lú ná 50 % dá láimhdeachas é). Ós rud é nár chomhoibrigh allmhaireoirí eile san imscrúdú, ní raibh an Coimisiún in ann a fháil amach an raibh an cás sin tipiciúil d'earnáil na n-allmhairí i gcoitinne. Ina theannta sin, tugann suíomhanna gréasáin na n-allmhaireoirí móra le fios go ndíolann siad go leor táirgí eile seachas urlárlach adhmaid ilsrathaigh amháin. Ina theannta sin, mhaígh Barth gurbh iad allmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh ón tSín 50 % dá ngnó.

(359) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh coinne a bheith leis go mbeadh tionchar éigin ag forchur beart ar allmhairí ón tSín ar earnáil na n-allmhairí toisc go mbeadh coinne leis go dtitfeadh allmhairí ón tSín a luaithe a fhorchuirfí bearta. Mar sin féin, go pointe áirithe bheadh allmhaireoirí in ann foinse a fháil ó thríú tíortha nó ó thionscal an Aontais agus, ag cainníochtaí níos ísle is dócha, ón tSín.

(360) Mhaígh Barth agus Floors 4Ever go bhféadfadh allmhairí méadaithe táirgí urláir eile amhail vinil a bheith mar thoradh ar bhearta frithdhumpála a fhorchur ar urlárlach adhmaid ilsrathaigh.

(361) Mar sin féin, ní raibh sé soiléir conas a dhéanfadh sé sin difear d'allmhaireoirí agus a mhéid a dhéanfadh sé difear dóibh toisc gur allmhairigh siad táirgí den sórt sin cheana féin.

(362) Maidir le praghsanna urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh, meastar go mbeadh roinnt allmhaireoirí in ann méaduithe ar phraghsanna (de thoradh beart) a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, cé go bhféadfadh trádáil den sórt sin brabúis níos ísle a ghiniúint. Bhí faisnéis maidir le brabúsacht na hearnála allmhairiúcháin teoranta don aon allmhaireoir comhoibríoch amháin. Mar sin féin, agus na praghsanna allmhairiúcháin ón tSín atá íseal go ginearálta á gcur san áireamh, mar a léiríodh leis na corrlaigh mhóra sladghearrtha arna ríomh ag roinn 4.4.2, ba léir go raibh meánráta brabúsachta na n-allmhaireoirí dearfach, agus i bhfad níos airde ná meánráta brabúsachta thionscal an Aontais.

(363) Mhaígh Barth, Floors 4Ever agus Thede & Witte go raibh na hallmhaireoirí ag soláthar urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh do mhargadh an Aontais nach raibh sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais iad féin a sholáthar.

(364) Mar sin féin, ní raibh coinne leis go scoirfeadh allmhairí ón tSín go hiomlán, ach go dtiocfadh méadú ar phraghas na n-allmhairí sin mar thoradh ar na bearta a fhorchuirtear leis an imscrúdú seo. Thairis sin, agus na figiúirí a chuirtear i láthair i dTábla 3 agus an iliomad foinsí soláthair eile a léirítear i dTábla 12 á gcur san áireamh, diúltaíodh don bharúil sin.

(365) Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh tionchar na mbeart díréireach d'allmhaireoirí/do thrádálaithe.

7.3. **Leas úsáideoirí, miondíoltóirí etc**

(366) Is éard atá i dtionscal úsáideoirí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh miondíoltóirí den chuid is mó, amhail siopaí DFÉ agus ailtirí, fiontraithe agus oibreoirí eile san earnáil tógála agus athchóirithe freisin. Níor chomhoibrigh aon úsáideoir leis an imscrúdú.

(367) Ar an gcaoi chéanna, ní bheadh oibreoirí sna hearnálacha tógála agus athchóirithe thíos le heaspa soláthair agus bheadh siad in ann méaduithe ar phraghsanna urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Cuid an-bheag dá láimhdeachas cuideachta a bheadh i gceannacháin urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh.

(368) D'fhéadfadh coinne a bheith leis nach ndéanfadh na bearta difear díréireach do mhiondíoltóirí ná do shiopaí DIY toisc nach mbeidís thíos le heaspa soláthair toisc go bhfuil go leor foinsí eile soláthair ann. Bheadh coinne leis freisin nach scoirfeadh allmhairí Síneacha d'fhorchur na mbeart, ach go mbeadh orthu praghsanna a ardú go leibhéal nach mbeadh chomh díobhálach céanna.

(369) Ar an gcaoi chéanna, ní bheadh oibreoirí sna hearnálacha tógála agus athchóirithe thíos le heaspa soláthair agus bheadh siad in ann méaduithe ar phraghsanna urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Cuid an-bheag dá láimhdeachas cuideachta a bheadh i gceannacháin urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh.

7.4. **Leas thionscal adhmaid an Aontais**

(370) Soláthraíonn tionscal adhmaid an Aontais crua-adhmad agus lomáin bhogadhmaid, ó chuideachtaí Foraoise Náisiúnta i mBallstáit éagsúla de ghnáth. Soláthraíonn an tionscal adhmaid crua-adhmad agus adhmad bog sáfa freisin do tháirgeoirí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh an Aontais nach bhfuil chomh comhtháite céanna. Is féidir adhmad den sórt sin a sholáthar do tháirgeoirí onnmhairiúcháin urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh na Síne freisin.

(371) Ní bhfuarthas aon chomhar ó thionscal adhmaid an Aontais.

(372) Mhaígh Comhghuaillíocht Allmhaireoirí Urlárlaigh Adhmaid Ilsrathaigh an Aontais, Barth agus Thede & Witte go ndéanfaidh na bearta dochar do thionscal adhmaid an Aontais freisin, ós rud é go n-allmhairíonn táirgeoirí de chuid na Síne méideanna suntasacha adhmaid ón Aontas.

(373) Mar sin féin, is féidir coinne a bheith leis go gcuirfí táirgeadh san Aontas nó i dtríú tíortha in ionad aon titim ar tháirgeadh urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh sa tSín, mar thoradh ar na bearta a fhorchuirtear leis an imscrúdú seo. Dá bhrí sin, níl aon fhianaise ann go ndéanfadh na bearta difear díréireach do thionscal an adhmaid. Go deimhin, a mhalairt ar fad, is dócha go dtacóidh na bearta le tionscal urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh an Aontais agus dá bhrí sin go dtacóidh siad le tionscal an adhmaid freisin.

7.5. **Leas thomhaltóirí an Aontais**

(374) D'áitigh Barth, Floors 4Ever, Puderbach, MEFO Floor agus Thede & Witte go mbeadh drochthionchar ag na bearta ar thomhaltóirí toisc go mbeadh praghsanna níos airde ar an earnáil sin mar thoradh ar na dleachtanna.

(375) Níor tugadh bunús leis an maíomh sin toisc nár míníodh an gcuirfí na dleachtanna ar leibhéal allmhairiúcháin ar aghaidh go hiomlán chuig tomhaltóirí. Ina theannta sin, ní táirge é urlárlach adhmaid ilsrathaigh a cheannaíonn tomhaltóirí go tráthrialta agus go deimhin ní bheadh urlárlach adhmaid ilsrathaigh ina ghné thábhachtach sa bhuiséad d'fhormhór na dtomhaltóirí.

(376) Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh tionchar na mbeart díréireach do thomhaltóirí.

7.6. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(377) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de thionscnamh na tíre lena mbaineann, le linn na céime sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(378) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(379) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile in aithris (215) thuas. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(380) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Forest Group	45,9 %
	Fusong Group	42,3 %
	Jinfa Group	42,7 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	46,7 %
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	49,2 %

(381) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(382) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a thaispeántar sonrasc tráchtála bailí d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo. Go dtí go gcuirtear sonrasc den sórt sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'.

(383) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(384) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta nó dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **FAIREACHÁN SPEISIALTA**

(385) Faoi láthair, tagann an táirge lena mbaineann faoi chód TARIC 4418 75 00. Tá fianaise ag an gCoimisiún sa chomhad go ndearbhaítear an táirge lena mbaineann go mícheart uaireanta faoi chód custaim 4412 52 00 na Síne nuair a onnmhairítear é. Tagraíonn an cód seo do bhlocchláir, do lannchláir agus do chláir chaolaigh ag a bhfuil sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmad neamhbhuaircíneach seachas adhmad trópaiceach. Thairis sin, shuigh an Coimisiún, cé gur sa tSín a táirgeadh an táirge lena mbaineann, nuair a onnmhairíodh chuig cinn scríbe nach é an tAontas é, go ndearnadh é a lipéadú ó am go chéile mar tháirge de thionscnamh tríú tír eile. Dá bhrí sin, chun an riosca imchéimniúcháin a íoslaghdú, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí faireachán a dhéanamh ar allmhairí táirgí ón tSín a dearbhaíodh faoi chód AC 4412 52 00 agus ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh tríú tíortha eile nó a choinsínítear ó thríú tíortha eile.

10. **CLÁRÚ**

(386) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(387) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(388) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

11. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(389) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(390) Chuir grúpa Fusong barúlacha ar fáil maidir leis an bhfoirmle a úsáideadh chun na tagarmharcanna le haghaidh veinírí a ríomh. I bhfianaise na mbarúlacha sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a ríomhanna dumpála, go háirithe do ghrúpa Fusong agus don ghrúpa Forest. Thug grúpa Fusong barúlacha freisin maidir le gnéithe modheolaíochta na ríomhanna dumpála. Tabharfar aghaidh ar na barúlacha sin, i gcás inarb iomchuí, ag céim chinntitheach an imscrúdaithe. .

12. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(391) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(392) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí painéal urláir cóimeáilte ilsraitheanna adhmaid atá faoi láthair faoi chód AC 4418 75 00 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír Thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
an tSín	*Forest Group* — JiLin Newco Wood Industries Co., Ltd. — Jilin Forest Industry New Jinqiao Songlin Flooring Co.,Ltd.	45,9%	89IL
an tSín	*Grúpa Fusong* — Dalian Qianqiu Wooden Product Co., Ltd. — Fusong Diwang Wooden Product Co., Ltd. — Fusong Jinlong Wooden Group Co., Ltd. — Fusong Jinqiu Wooden Product Co., Ltd. — Fusong Qianqiu Wooden Product Co., Ltd.	42,3%	89IM
an tSín	*Jinfa Group* — Hunchun Xingjia Wooden Flooring Inc — Changchun Delin Wooden Floors Inc.	42,7 %	89IN
an tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	46,7%	
an tSín	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	49,2%	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) den (táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.*' Go dtí go dtíolactar an sonrasc seo, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Eisiafar na táirgí seo a leanas ón táirge a thuairiscítear i mír 1:

— Painéil déanta as bambú nó painéil a bhfuil ar a laghad an tsraith uachtarach díobh (an tsraith chaithimh) déanta as bambú, agus painéil le haghaidh urláir mhósáice.

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2733 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
an tSín	Anhui Jinxiang Wood Technology Co., Ltd.	89IO
	Anhui Sunhouse Floor Technology Co., Ltd.	89IP
	Anhui Zhichang Bamboo and Wood Products Co., Ltd.	89IQ
	ARTIST INTELLIGENT HOUSEHOLD CO.,LTD.	89IR
	BENXI FLOORING FACTORY (GENERAL PARTNERSHIP)	89IS
	CENTENNIAL MENDI (JINHU) HOME FURNISHING TECHNOLOGY CO., LTD	89IT
	DALIAN AMUER WOOD CO., LTD.	89IU
	Dalian Deerfu Wooden Product Co., Ltd.	89IV
	DALIAN DUNCHENG WOOD INDUSTRY CO., LTD.	89IW
	DALIAN HANCHUAN WOOD PRODUCTS CO., LTD.	89IX
	DALIAN HANDIAN WOOD INDUSTRY CO., LTD.	89IY
	DALIAN HUIYUE WOOD CO., LTD.	89IZ
	DALIAN JAENMAKEN WOOD INDUSTRY CO., LTD.	89JA
	DALIAN JINDA WOOD PRODUCTS CO., LTD.	89JB
	DALIAN KEMIAN WOOD INDUSTRY CO., LTD.	89JC
	DALIAN MUSEN WOOD CO., LTD.	89JD
	Dalian New Sanlin Flooring Co., Ltd.	89JE
	DALIAN OUXIANG WOOD CO., LTD.	89JF
	Dalian Penghong Floor Products Co., Ltd.	89JG
	DALIAN RUIJIAN WOOD INDUSTRY CO., LTD.	89JH
	DALIAN SHENGCHUANG WOOD INDUSTRY CO., LTD.	89JI
	DALIAN SHENGYU SCIENCE AND TECHNOLOGY DEVELOPMENT CO., LTD.	89JJ
	Dalian Shumaike Floor Manufacturing Co., Ltd.	89JK
	Dalian Universal Wood Products Co.,Ltd.	89JL
	DALIAN XINJIAZHOU WOOD PRODUCTS CO., LTD.	89JM
	DALIAN YOU MING WOOD BUSINESS CO., LTD.	89JN
	Muling Kemian Wood Industry CO., LTD	89JO
	DeHua TB New Decoration Material Co, Ltd.	89JP
	Deqing Shengfei Wood Co., Ltd.	89JQ
	Dunhua Shengda Wood Industry Co., Ltd.	89JR
	FUSHUN FUSEN JINFENG WOODEN PRODUCTS CO.,LTD.	89JS

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
	Fushun Handu Import & Export Co., Ltd.	89JT
	Fusong County Huayi Wooden Co., Ltd.	89JU
	Fusong Huasong Wooden Co., Ltd.	89JV
	HaiLin LinJing Wooden Products Co., Ltd.	89JX
	HUNCHUN FOREST WOLF WOODEN INDUSTRY CO., LTD	89JY
	HUZHOU AMIRA WOOD CO., LTD.	89JZ
	Huzhou Teya Floor Co., Ltd.	89KA
	Jesonwood Forest Products (ZJ) Co., Ltd.	89KB
	Jiangsu Mingle Flooring Co., Ltd.	89KC
	Jiangsu ShengYu Flooring Co., Ltd.	89KD
	Jiangsu Wanli Wooden Co., Ltd.	89KE
	JIANGSU ZHUOYI HOME FURNISHING TECHNOLOGY CO., LTD.	89KF
	Jiashan On-Line Lumber Co., Ltd.	89KG
	JILIN CITY XIN JINGKAI WOOD CO., LTD.	89KH
	Jilin Jiahe Wood Industry Co.,Ltd	89KI
	JILIN XINYUAN WOODEN INDUSTRY CO., LTD	89KJ
	KINGMAN WOOD INDUSTRY CO.,LTD	89KK
	Muling City Yihe Wood Co., Ltd	89KL
	NEW GARDEN SMART HOME TECHNOLOGY CO., LTD	89KM
	Ning'an City Shengchang Wood Industry Co.,Ltd	89KN
	SHANDONG LONGTENG WOOD CO., LTD	89KO
	Shaoxing Haohua Timber Industry Co., Ltd	89KP
	Sino-Maple (Jiangsu) Co., Ltd	89KQ
	SUIFENHE JINLIN WOOD INDUSTRY CO.,LTD.	89KR
	SUZHOU DONGDA WOOD CO.,LTD	89KS
	Suzhou Duolun Wood Industry Co.,Ltd.	89KT
	TONGXIANG SHENGGONG TIMBER INDUSTRY CO., LTD..	89KU
	Xuzhou Changlin Floors Co., Ltd	89KV
	Yekalon Mills	89KW
	Zhejiang Changfang Wooden Co.,Ltd.	89KX
	Zhejiang Guolian Floor Co., Ltd.	89KY
	Zhejiang Lingge Wood Co., Ltd.	89KZ
	Zhejiang Longsen Lumbering Co., Ltd.	89LA